Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/0404(COD)

20.12.2024

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear linn tallainne de chuid an Aontais
(COM(2023)0716 – C9-0413/2023 – 2023/0404(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Abir Al-Sahlani

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le cló trom iodálach agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 76

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 78

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear linn tallainne de chuid an Aontais
(COM(2023)0716 – C9-0413/2023 – 2023/0404(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0716),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 79(2), pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0413/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 25 Aibreán 2024[1],

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, agus ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9 0000/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

[1] IO C, C/2024/4067, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4067/oj.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Tá an tAontas agus na Ballstáit aonair ag tabhairt aghaidh ar ghanntanais i raon leathan earnálacha agus gairmeacha beatha, lena n-áirítear iad siúd atá ábhartha maidir leis an aistriú glas agus maidir leis an aistriú digiteach. Na ganntanais fhairsinge san fhoirgníocht, sa chúram sláinte, san fháilteachas, san iompar, i dteicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus i dteicneolaíocht na heolaíochta, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic, is ganntanais sheanbhunaithe iad agus tá siad níos measa mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus dlús á chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Meastar go leanfar de na ganntanais saothair agus go bhféadfaidh siad dul in olcas i bhfianaise na ndúshlán déimeagrafach.	(1) Tá an tAontas agus na Ballstáit aonair ag tabhairt aghaidh ar ghanntanais i raon leathan earnálacha agus gairmeacha beatha, lena n-áirítear iad siúd atá ábhartha maidir leis an aistriú glas agus maidir leis an aistriú digiteach. ***Is léir go bhfuil gá le scileanna ar gach leibhéal chun aghaidh a thabhairt ar na ganntanais lucht saothair.*** Na ganntanais fhairsinge san fhoirgníocht, sa chúram sláinte, san fháilteachas, san iompar, i dteicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus i dteicneolaíocht na heolaíochta, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic, is ganntanais sheanbhunaithe iad agus tá siad níos measa mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus dlús á chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Meastar ***freisin*** go leanfar freisin de na ganntanais saothair agus go bhféadfaidh siad dul in olcas i bhfianaise na ndúshlán déimeagrafach. ***Ina theannta sin, déanann an t-athrú aeráide difear do phatrúin imirce agus spreagann sé tosca brú. Ós rud é gur feiniméan nádúrtha í an imirce a bheidh ann i gcónaí, tá gá le cur chuige comhchoiteann Eorpach i leith imirce lucht saothair chun níos mó bealaí dlíthiúla chuig an mór-roinn a áirithiú. Cinnfidh tarraingteacht agus oscailteacht an Aontais a mhéid is féidir leis an Aontas dul san iomaíocht ar bhonn domhanda do dhaoine tréitheacha, agus caighdeáin idirnáisiúnta saothair á gcur chun cinn agus á gcosaint ag an am céanna.***

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair, tá gá le cur chuige cuimsitheach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta lena n-áirítear, mar thosaíocht, acmhainneacht iomlán na ngrúpaí a bhfuil rannpháirtíocht níos ísle sa mhargadh saothair acu a bhaint amach ar bhealach níos fearr, an lucht saothair atá ann cheana a athsciliú agus a uas-sciliú, soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas a éascú, chomh maith le feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar tharraingteacht gairmeacha áirithe. Mar gheall ar scála reatha na nganntanas sa mhargadh saothair agus na dtreochtaí déimeagrafacha, is dócha nach leor bearta atá dírithe ar an lucht saothair baile agus ar lucht saothair an Aontais amháin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, tá an imirce dhleathach ríthábhachtach chun na gníomhaíochtaí sin a chomhlánú agus ní mór di a bheith mar chuid den réiteach chun tacú go hiomlán leis an aistriú dúbailte éiceolaíoch agus digiteach.	(2) Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair, tá gá le cur chuige cuimsitheach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta lena n-áirítear, mar thosaíocht, acmhainneacht iomlán na ngrúpaí a bhfuil rannpháirtíocht níos ísle sa mhargadh saothair acu a bhaint amach ar bhealach níos fearr, an lucht saothair atá ann cheana a athsciliú agus a uas-sciliú, soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas a éascú, chomh maith le feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar tharraingteacht gairmeacha áirithe. Mar sin féin, mar gheall ar scála reatha na nganntanas sa mhargadh saothair agus na dtreochtaí déimeagrafacha, ní leor bearta atá dírithe ar an lucht saothair baile agus ar lucht saothair an Aontais amháin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo. ***Measann an Coimisiún go mbeidh ar a laghad 7 milliún duine eile ag teastáil san Eoraip faoi 2030 mar gheall ar an laghdú atá beartaithe ar an daonra atá in aois oibre***. Dá bhrí sin, tá an imirce dhleathach ríthábhachtach chun na gníomhaíochtaí sin a chomhlánú agus ní mór di a bheith mar chuid den réiteach chun tacú go hiomlán leis an aistriú dúbailte éiceolaíoch agus digiteach ***agus chun cáilíocht leanúnach na gcóras leasa agus an fháis eacnamaíoch a áirithiú.***

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Chun earcaíocht idirnáisiúnta a	(3) Chun earcaíocht idirnáisiúnta a

éascú agus chun deiseanna a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír oibriú i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais, ba cheart Linn Tallainne de chuid an Aontais a bhunú i bhfoirm ardáin ar fud an Aontais ***lena dtugtar le chéile*** agus ***lena dtacaítear le*** meaitseáil próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus folúntais fostaíochta fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit ***rannpháirteacha***.

éascú agus chun deiseanna a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír oibriú i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais, ***tá sé ríthábhachtach timpeallacht fáilteach agus oscailteacht d'imircigh saothair a áirithiú mar bhreis ar an lucht saothair intíre atá comhlántach agus chun tairbhe an dá thaobh. Is éard atá i gceist leis sin pacáiste iomlán a thairiscint d'imircigh ionchasacha saothair i dtéarmaí seirbhísí iartheachta amhail tacaíocht um imeascadh, forbairt scileanna, bonneagar, athaontú teaghlaigh, cúram leanaí agus cúram sláinte, chomh maith le fíor-iarrachtaí ó na Ballstáit cur i gcoinne meon seineafóibeach. Is éard atá i gceist leis freisin cleachtais earcaíochta chothroma a chothú i gcomhréir le 'Prionsabail ghinearálta agus treoirlínte oibríochtúla [de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS)] maidir le hearcaíocht chothrom agus Sainmhíniú ar tháillí earcaíochta agus costais ghaolmhara' (Prionsabail Ghinearálta agus Treoirlínte Oibríochtúla EIS maidir le hEarcaíocht Chothrom). Mar chuid den phacáiste sin chun meaitseáil idirnáisiúnta a éascú, chun cleachtais chothroma earcaíochta a chur chun cinn agus chun cosaint oibrithe imirceacha a neartú,*** ba cheart Linn Tallainne an Aontais a bhunú i bhfoirm ardán uile-Aontais. ***Ba cheart go mbeadh rannpháirtíocht san ardán éigeantach do na Ballstáit ach ba cheart go mbeadh a úsáid deonach d'fhostóirí agus do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha. Leis an ardán, d'fhéadfaí cuidiú le*** próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas ***a thabhairt*** le chéile agus ***tacú le*** meaitseáil na bpróifílí sin agus le folúntais poist***, folúntais phrintíseachta agus folúntais oiliúna ('folúntais poist')*** fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Spreagtar leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le bealaí dlíthiúla chun cosanta san Aontas[4] na Ballstáit chun conairí saothair comhlántacha a chur i bhfeidhm agus tacú leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu[5]. ***D'fhéadfadh*** Linn Tallainne an Aontais tacú ***freisin*** le hoibríochtú na mbealaí comhlántacha.	(4) Spreagtar leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le bealaí dlíthiúla chun cosanta san Aontas[4] na Ballstáit chun bealaí saothair comhlántacha a chur i bhfeidhm agus tacú leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu[5]. ***Ghlac Parlaimint na hEorpa moltaí comhchosúla freisin, mar shampla rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Bealtaine 2021 maidir le bealaí nua le haghaidh imirce dhleathach lucht saothair[4a] agus rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Samhain 2021 le moltaí don Choimisiún maidir le beartas agus dlí na himirce dleathaí[4b]. Thacódh*** Linn Tallainne an Aontais le hoibríochtú na mbealaí comhlántacha agus ***le himirce dhleathach lucht saothair***. ***Trí ailíniú a dhéanamh le Prionsabail Ghinearálta agus Treoirlínte Oibríochtúla na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hEarcaíocht Chothrom, rannchuideodh Linn Tallainne an Aontais freisin leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a bhaint amach, go háirithe SFI 8 chun fás eacnamaíoch marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe, lánfhostaíocht tháirgiúil agus obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn, agus SFI 10 chun an neamhionannas laistigh de thíortha agus ina measc a laghdú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin ós rud é go bhfuil staid níos forbhásaí roimh imircigh saothair ná mar atá roimh shaoránaigh an Aontais i margadh saothair an Aontais. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chás na n-oibrithe imirceacha baineanna a d'fhéadfadh a bheith níos leochailí i margadh an tsaothair i gcomparáid lena bpiaraí fireanna. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfadh seirbhísí feabhsaithe***

	faisnéise agus tacaíochta a bhfuil rochtain orthu trí Linn Tallainne an Aontais cuidiú le coimircí a chosaint i gcoinne idirdhealú ar oibrithe imirceacha san Aontas. Ag an am céanna, is cuid ríthábhachtach nithiúil de Bhliain Eorpach na Scileanna a bhaint amach é Linn Tallainne an Aontais, arb é is aidhm don cheathrú colún daoine a mhealladh ó lasmuigh den Aontas leis na scileanna atá ag teastáil.
[4] Moladh (AE) 2020/1364 an 23 Meán Fómhair 2020 ón gCoimisiún maidir le bealaí dlíthiúla chun cosanta san Aontas: athlonnú, ligean isteach ar fhoras daonnúil agus bealaí comhlántacha eile a chur chun cinn.	[4] Moladh (AE) 2020/1364 an 23 Meán Fómhair 2020 ón gCoimisiún maidir le bealaí dlíthiúla chun cosanta san Aontas: athlonnú, ligean isteach ar fhoras daonnúil agus bealaí comhlántacha eile a chur chun cinn.
	[4a] IO C 15, 12.1.2022, lch. 196.
	[4b] IO C 224, 8.6.2022, lch. 69.
[5] Is bealaí sábháilte agus rialaithe iad ‘bealaí comhlántacha’ do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu a chomhlánaíonn athlonnú trí fhanacht dleathach a sholáthar i dtríú tír ina gcomhlíontar a riachtanais maidir le cosaint idirnáisiúnta. Cuireann bealaí saothair comhlántacha ar chumas daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu rochtain a fháil ar bhealaí imirce lucht saothair atá ann cheana, a gcuid scileanna a úsáid, agus cabhrú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair sna tíortha glactha. Féach freisin: https://www.unhcr.org/complementary-pathways.html.	[5] Is bealaí sábháilte agus rialaithe iad ‘bealaí comhlántacha’ do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu a chomhlánaíonn athlonnú trí fhanacht dleathach a sholáthar i dtríú tír ina gcomhlíontar a riachtanais maidir le cosaint idirnáisiúnta. Cuireann bealaí saothair comhlántacha ar chumas daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu rochtain a fháil ar bhealaí imirce lucht saothair atá ann cheana, a gcuid scileanna a úsáid, agus cabhrú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair sna tíortha glactha. Féach freisin: https://www.unhcr.org/complementary-pathways.html.
	Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais tacú leis na Ballstáit ***rannpháirteacha*** aghaidh a thabhairt ar scileanna agus ar ghanntanais saothair atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo trí náisiúnaigh tríú tír a earcú a mhéid nach leor gníomhachtú an lucht saothair baile agus na soghluaisteachta laistigh den Aontas chun an cuspóir sin a bhaint amach. ***Mar uirlis dheonach chun earcaíocht idirnáisiúnta a éascú, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais tacaíocht bhreise a thairiscint ar leibhéal an Aontais do na Ballstáit a bhfuil suim acu ann.*** Chuige sin, ba cheart comhlántacht agus idir-inoibritheacht le tionscnaimh agus ardáin náisiúnta atá ann cheana a áirithiú. Ba cheart riachtanais shonracha na mBallstát a chur san áireamh agus Linn Tallainne an Aontais á forbairt chun an rannpháirtíocht is forleithne is féidir a áirithiú. Dá bhrí sin, is téarma cuimsitheach é 'Tallann' a thagraíonn don réimse iomlán scileanna a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó mhargaí saothair na mBallstát.	(5) ***Ós rud é gur fadhb ar fud an Aontais iad ganntanais lucht saothair, tá gá le cur chuige straitéiseach aontaithe chun aghaidh a thabhairt orthu. Chun úsáid a bhaint as barainneachtaí scála agus chun comhroinnt dea-chleachtas a chumasú, ba cheart do na Ballstáit uile a bheith rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais. Le cur chun feidhme ar fud an Aontais, chuirfí le tuilleadh intuarthachta agus deimhneachta dlíthiúla do chuardaitheoirí poist agus d'fhostóirí araon.*** Ba cheart é a bheith mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais tacú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar scileanna agus ar ghanntanais saothair atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo trí náisiúnaigh tríú tír a earcú a mhéid nach leor gníomhachtú an lucht saothair baile agus na soghluaisteachta laistigh den Aontas chun an cuspóir sin a bhaint amach. Chuige sin, ***ba cheart*** comhlántacht agus idir-inoibritheacht le tionscnaimh agus ardáin náisiúnta atá ann cheana a áirithiú***, ach ní thiocfaidh siad in ionad na struchtúr náisiúnta atá ann cheana.*** Ba cheart riachtanais shonracha na mBallstát a chur i gcuntas agus Linn Tallainne an Aontais á fhorbairt chun an cur chun feidhme ***is fearr is féidir a áirithiú, mar shampla, gan difear a dhéanamh d'inniúlacht na mBallstát líon na náisiúnach tríú tír atá le ligean isteach chun críocha fostaíochta a chinneadh.*** Is téarma cuimsitheach é 'Tallann' a thagraíonn don réimse iomlán scileanna a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó mhargaí saothair na mBallstát. ***Ós rud é go bhfuil an baol ann go ndéanfadh an fócas dírithe ar dhaoine ardoilte géarú ar an nganntanas saothair, trí neamhaird a thabhairt ar riachtanais iarbhír an Aontais agus na mBallstát éagsúil, ba cheart Linn Tallainne an Aontais a bheith oscailte do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha gan beann ar a leibhéal scileanna.***

Ag an am céanna, ba cheart ganntanais scileanna i dtríú tíortha a chur i gcuntas freisin agus na gairmeacha atá le hearcú ó thríú tíortha á sainaithint ionas nach gcuirfear le himirce daoine oilte ina n-earnálacha criticiúla.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Tá sé mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais seirbhísí a sholáthar d'fhostóirí atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha, lena n-áirítear gníomhaireachtaí fostaíochta príobháideacha, gníomhaireachtaí oibre sealadacha agus idirghabhálaithe sa mhargadh saothair mar a shainmhínítear i ***gCoinbhinsiún 181 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ó 1997.***	(6) Tá sé mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais seirbhísí ***saor in aisce a chur ar fáil d'fhostóirí atá bunaithe sna Ballstáit, trí na seirbhísí fostaíochta poiblí agus idirghabhálaithe príobháideacha*** sa mhargadh saothair, lena n-áirítear gníomhaireachtaí fostaíochta príobháideacha, gníomhaireachtaí oibre sealadaí agus idirghabhálaithe sa mhargadh saothair mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ***(Uimh. 181) maidir le Gníomhaireachtaí Príobháideacha Fostaíochta 1997agus i dTreoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]. Ba cheart d'fhostóirí ar mian leo clárú ar Linn Tallainne an Aontais chun a bhfolúntais a phostú cloí le Prionsabail Ghinearálta agus Treoirlínte Oibríochtúla na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hEarcaíocht Chothrom. Níor cheart cuardaitheoirí poist a ghearradh go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, ar aon táillí earcaíochta nó ar chostais ghaolmhara. D'ainneoin an úsáid a bhaineann siad as Linn Tallainne an Aontais, ba cheart d'fhostóirí leanúint de rannchuidiú leis an lucht saothair intíre a uas-sciliú agus a***

athsciliú.

[1a] Treoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach (IO L 327, 5.12.2008, lgh. 9–14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/104/oj).

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais tacú freisin le Comhpháirtíochtaí Tallainne a chur chun feidhme, atá ar cheann de na príomhghnéithe de ghné sheachtrach an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann[6] agus a dhéantar a oibríochtú i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas[7]. ***Ba cheart rannpháirtíocht Ballstáit sa Chomhpháirtíocht Tallainne a bheith gan dochar dá gcinneadh maidir le rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais.***	(7) ***Is féidir le comhpháirtíochtaí láidre le tríú tíortha cur le comhar um fhorbairt éifeachtach, i gcomhréir le prionsabal an Chomhtháthaithe Beartas ar mhaithe le Forbairt, agus cruthú muiníne frithpháirtí agus gnóthachan frithpháirteach a éascú do thríú tíortha, don Aontas agus dá Bhallstáit.*** Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais tacú le Comhpháirtíochtaí Tallainne a chur chun feidhme, atá ar cheann de na príomhghnéithe de ghné sheachtrach an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann[6] agus a dhéantar a oibríochtú i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas[7]. ***Chun bheith rathúil agus inbhuanaithe, ba cheart do Chomhpháirtíochtaí Tallainne tacú i gcónaí le forbairt scileanna i dtríú tíortha, agus imirce chiorclach a spreagadh chun imirce daoine oilte ó thíortha tionscnaimh a sheachaint. Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais tógáil freisin ar na cuspóirí agus ar na forálacha maidir le rannpháirtíocht chuiditheach an Aontais maidir leis an tsoghluaisteacht agus***

	maidir le gach gné den imirce a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7a].
[6] COM/2020/609 final.	[6] COM/2020/609 final.
[7] COM/2022/657 final.	[7] COM/2022/657 final.
	[7a] Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj).
	Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Chun a áirithiú go ndéanfar ionadaíocht leordhóthanach ar údaráis na mBallstát i nGrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais, ba cheart do na Ballstáit ***rannpháirteacha*** beirt ionadaithe an ceann a cheapadh, ionadaí amháin ó na húdaráis fostaíochta agus ionadaí amháin ó na húdaráis inimirce.	(8) Chun a áirithiú go ndéanfar ionadaíocht leormhaith ar údaráis na mBallstát ***uile*** i nGrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais, ba cheart do na Ballstáit beirt ionadaithe an ceann a cheapadh, ionadaí amháin ó na húdaráis fostaíochta agus ionadaí amháin ó na húdaráis inimirce. ***Tá sé tábhachtach na sineirgí idir na húdaráis fostaíochta agus na húdaráis inimirce a aithint agus a chur chun cinn chun feabhas a chur ar fheidhmiú Linn Tallainne an Aontais agus chun ró-ualach ar riaracháin***

náisiúnta a sheachaint. Tá eolas agus léargas tábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta ar fhorbairt mhargadh saothair an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an ceart a bheith ag ionadaithe ó eagraíochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta trastionscail ar leibhéal an Aontais, ag ionadaithe ó na fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais agus ag ionadaithe ó na ceardchumainn, triúr ionadaithe an ceann a cheapadh chun páirt a ghlacadh in obair Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart go bhféadfaí cuireadh a thabhairt do shaineolaithe ó chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ó pháirtithe leasmhara eile atá ag obair le náisiúnaigh tríú tír freastal ar chruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais chun ionchur a sholáthar. D'fhéadfaí a áireamh ar na heagraíochtaí agus na páirtithe leasmhara sin an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA), an Lárionad um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP), an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF), EIS, an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM), agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha ó na Ballstáit.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ba cheart sineirgí a áirithiú, i gcás inarb iomchuí, idir ardán TF Linn Tallainne an Aontais agus ionstraimí agus seirbhísí ábhartha eile ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear maidir le rochtain ar ábhair oiliúna amhail Acadamh an	(10) Ba cheart sineirgí a áirithiú, i gcás inarb iomchuí, idir ardán TF Linn Tallainne an Aontais agus ionstraimí agus seirbhísí ábhartha eile ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear maidir le rochtain ar ábhair oiliúna amhail Acadamh an

Aontais agus an tAcadamh um Eoraip Idir-inoibritheach. Ba cheart ardán TF Linn Tallainne an Aontais a chur in oiriúint go tapa agus go rialta do chleachtais nua sa teicneolaíocht agus seirbhísí TF úrscothacha a sholáthar trí ghnéithe agus uirlisí nuálacha a thabhairt isteach.	Aontais agus an tAcadamh um Eoraip Idir-inoibritheach. Ba cheart ardán TF Linn Tallainne an Aontais a chur in oiriúint go tapa agus go rialta do chleachtais nua sa teicneolaíocht agus seirbhísí TF úrscothacha a sholáthar trí ghnéithe agus uirlisí nuálacha a thabhairt isteach. ***Le sineirgí agus idir-inoibritheacht fheabhsaithe d'éascófaí úsáid an ardáin d'fhostóirí, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Ba cheart rochtain éasca a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an ardán freisin i gcomhréir le Treoracha (AE) 2016/2102[1a] agus (AE) 2019/882[1b] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.***
	[1a] Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lgh. 1-15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/2102/oj).
	[1b] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/882/oj). http://data.europa.eu/eli/dir/2019/882/oj).
	Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Ba cheart formáid na bpróifílí cuardaitheoirí poist agus na bhfolúntas	(11) Ba cheart formáid na bpróifílí cuardaitheoirí poist agus na bhfolúntas

poist a bhunú trí úsáid a bhaint as an aicmiú Eorpach atá ann cheana maidir le gairmeacha beatha, scileanna, inniúlachtaí agus cáilíochtaí (ESCO) mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) 2016/589[8] lena bhforáiltear do théarmaíocht chaighdeánaithe le haghaidh gairmeacha beatha, scileanna agus inniúlachtaí agus lena n-éascaítear trédhearcacht scileanna agus cáilíochtaí. Ba cheart go dtacódh aicmiú ESCO le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, ó fhostóirí agus ó Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais chun faisnéis inchomparáide a sholáthar maidir le taithí oibre, gairmeacha a chumhdaítear le folúntas, chomh maith leis na scileanna a thairgeann na cuardaitheoirí poist agus a éilíonn na fostóirí, rud a chumasaíonn próiseas meaitseála ar ardchaighdeán. I gcás inarb infheidhme, ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais úsáid a bhaint as formáid ESCO chun folúntais poist a aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit nach nglacann aicmiú ESCO le haghaidh folúntais náisiúnta poist táblaí mapála a tháirgeadh lena ndéantar comparáid idir an t-aicmiú a úsáidtear sna córais náisiúnta agus aicmiú ESCO ionas go mbeidh idir-inoibritheacht ann. Ba cheart na táblaí mapála a chur ar fáil don Choimisiún agus ba cheart iad a úsáid chun faisnéis maidir le folúntais phoist nó próifílí cuardaitheora poist a thraschódú go huathoibríoch chun críche meaitseála uathoibrithe tríd an ardán coiteann TF.

poist a bhunú trí úsáid a bhaint as an aicmiú Eorpach atá ann cheana maidir le gairmeacha beatha, scileanna, inniúlachtaí agus cáilíochtaí (ESCO) mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) 2016/589[8] lena bhforáiltear do théarmaíocht chaighdeánaithe le haghaidh gairmeacha beatha, scileanna agus inniúlachtaí agus lena n-éascaítear trédhearcacht scileanna agus cáilíochtaí. Ba cheart go dtacódh aicmiú ESCO le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, ó fhostóirí agus ó Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais chun faisnéis inchomparáide a sholáthar maidir le taithí oibre, gairmeacha a chumhdaítear le folúntas, chomh maith leis na scileanna a thairgeann na cuardaitheoirí poist agus a éilíonn na fostóirí, rud a chumasaíonn próiseas meaitseála ar ardchaighdeán. ***I gcomhréir leis an Moladh ón gCoimisiún an 15 Samhain 2023 maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí náisiúnach tríú tír, ba cheart cur chuige 'Scileanna ar dTús' a chur i bhfeidhm sa phróiseas meaitseála ina gcuirtear gach cineál cáilíochta agus scileanna san áireamh, amhail gairmoideachas agus gairmoiliúint, céimeanna, deimhniú scileanna agus inniúlachtaí a bhaintear amach i gcomhthéacsanna seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla nó deimhnithe sonracha ('micridhintiúir').*** I gcás inarb infheidhme, ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais úsáid a bhaint as formáid ESCO chun folúntais poist a aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit nach nglacann aicmiú ESCO le haghaidh folúntais náisiúnta poist táblaí mapála a tháirgeadh lena ndéantar comparáid idir an t-aicmiú a úsáidtear sna córais náisiúnta agus aicmiú ESCO ionas go mbeidh idir-inoibritheacht ann. Ba cheart na táblaí mapála a chur ar fáil don Choimisiún agus ba cheart iad a úsáid chun faisnéis maidir le folúntais phoist nó próifílí cuardaitheora poist a thraschódú go huathoibríoch chun críche meaitseála uathoibrithe tríd an ardán

coiteann TF.

[8] Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/589/oj).

[8] Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/589/oj).

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Ba cheart an ceart a bheith ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha rogha a dhéanamh as roinnt roghanna teicniúla chun an rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta a shrianadh, mar shampla, trí rochtain ar a gcuid sonraí teagmhála a shrianadh. Ba cheart próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus ó fhostóirí atá rannpháirteach in ardán TF Linn Tallainne an Aontais nár úsáideadh le tréimhse 2 bhliain a bhaint go huathoibríoch. Nuair a bhaintear próifílí, d'fhéadfaí leanúint de thacar teoranta sonraí anaithnidithe a stóráil chun críocha taighde agus staidrimh, lena n-áirítear chun críche táirgeadh agus cáilíocht an staidrimh Eorpaigh.	(14) ***Maidir le clárú próifíle chomh maith le folúntais a chuardach agus a phostáil, ba cheart iad a bheith saor in aisce do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha agus d'fhostóirí araon.*** Ba cheart an ceart a bheith ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha rogha a dhéanamh as roinnt roghanna teicniúla chun an rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta a shrianadh, mar shampla, trí rochtain ar a gcuid sonraí teagmhála a shrianadh. ***Ba cheart an fhaisnéis faoi conas na roghanna sin a chur i bhfeidhm a chur ar fáil ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe don úsáideoir agus ar fhormáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus urraim á tabhairt do na caighdeáin inrochtaineachta ábhartha a bhunaítear le Treoir 2016/2102 agus do na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir. (AE)***

2019/882. Maidir le próifílí na gcuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus na bhfostóirí atá rannpháirteach in ardán TF Linn Tallainne an Aontais nár úsáideadh ar feadh tréimhse ***bliana***, ba cheart iad a bhaint go huathoibríoch ***chun coimircí a fheabhsú chun sonraí pearsanta a chosaint agus chun nach mbeidh an córas TF ró-dhocht.*** Nuair a bhaintear próifílí, d'fhéadfaí leanúint de thacar teoranta sonraí anaithnidithe a stóráil chun críocha taighde agus staidrimh, lena n-áirítear chun críche táirgeadh agus cáilíocht an staidrimh Eorpaigh.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais rannchuidiú leis an gcuspóir imirce neamhrialta a dhíspreagadh, lena n-áirítear trí rochtain ar bhealaí dlíthiúla atá ann cheana a éascú. Cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear iontráil nó fanacht i mBallstát nó toirmeasc ar iontráil i gcomhréir le Treoir. 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], níor cheart cead a bheith acu a bpróifílí a chlárú in ardán TF Linn Tallainne an Aontais, ós rud é nach gceadófar dóibh iontráil agus fanacht san Aontas. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, ***sula*** gcláróidh siad a bpróifílí i Linn Tallainne an Aontais, a dhearbhú nach bhfuil siad faoi réir diúltaithe faoi láthair iontráil nó fanacht i mBallstát nó faoi réir toirmeasc ar iontráil i gcríoch an Aontais. Ba cheart faisnéis a sholáthar freisin faoi na	(16) Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais rannchuidiú leis an gcuspóir imirce neamhrialta a dhíspreagadh, lena n-áirítear trí rochtain ar bhealaí dlíthiúla atá ann cheana a éascú. Cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear iontráil nó fanacht i mBallstát nó toirmeasc ar iontráil i gcomhréir le Treoir. 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], níor cheart cead a bheith acu a bpróifílí a chlárú in ardán TF Linn Tallainne an Aontais, ós rud é nach gceadófar dóibh iontráil agus fanacht san Aontas san Aontas ***ar feadh tréimhse áirithe ama***. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha, ***agus a bpróifílí á gclárú*** i Linn Tallainne an Aontais, a dhearbhú nach bhfuil siad faoi réir diúltaithe faoi láthair iontráil nó fanacht i mBallstát nó faoi réir toirmeasc ar iontráil i gcríoch an Aontais.

hiarmhairtí a bhaineann le dearbhú bréagach a dhéanamh ina leith sin.	Ba cheart faisnéis a sholáthar freisin faoi na hiarmhairtí a bhaineann le dearbhú bréagach a dhéanamh ina leith sin. ***A luaithe a bheidh cuardaitheoir poist ó thríú tír agus fostóir meaitseáilte, ba cheart faisnéis ó Chóras Faisnéise Schengen a sholáthar do Phointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais, arna iarraidh sin dó, chun cruinneas an dearbhaithe arna dhéanamh ag an gcuardaitheoir poist a fhíorú. I gcás ina bhfaighfear amach go bhfuil cuardaitheoir poist ó thríú tír faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear dá iontráil nó dá fhanacht i mBallstát nó faoi réir toirmeasc ar iontráil i gcomhréir le Treoir. 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10a], ba cheart do Phointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais an méid sin a chur in iúl do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais. Ba cheart do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais, dá réir sin, próifíl an chuardaitheora poist sin a bhaint d'ardán TF Linn Tallainne an Aontais. Mar sin féin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart don chuardaitheoir poist ó thríú tír a bheith in ann próifíl nua a chruthú chun clárú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais nuair a scoirfidh an cinneadh breithiúnach nó riaracháin nó an toirmeasc ar iontráil dhul isteach d'fheidhm a bheith aige maidir leis nó léi. Daoine a chiontaítear i gcionta ar cionta iad atá ina mbagairt do shlándáil náisiúnta Ballstáit nó a bhfuil bagairt do shlándáil náisiúnta ag baint leo, níor cheart go mbeidís riamh in ann clárú mar chuardaitheoirí poist i Linn Tallainne an Aontais. Ba cheart na cionta sin a thuiscint mar chionta lena bhféachtar le pobal a imeaglú go tromchúiseach, iallach míchuí a chur ar rialtas gníomh ar bith a dhéanamh nó staonadh ó gníomh ar bith a dhéanamh nó struchtúir bhunúsacha pholaitiúla, bhunreachtúla, eacnamaíocha nó shóisialta Ballstáit a***

	dhíchobhsú go tromchúiseach nó a scriosadh, amhail tréas, lena n-áirítear ardtréas, nó cionta sceimhlitheoireachta dá dtagraítear i dTreoir . (AE). 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11a.]
_____	_____
	[11] Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh IO L 348, 24.12.2008, lch. 98, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/115/oj).
[11] Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/115/oj).	[11] Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/115/oj).
	[11a] Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/541/oj).
	Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16a) I gcomhréir le prionsabal na

comhréireachta agus chun earcaíocht chothrom a chothú, ba cheart rannpháirtíocht fostóra in ardán TF Linn Tallainne an Aontais a bheith faoi réir coinníollacha áirithe freisin. Ar chlárú dóibh, ba cheart a cheangal ar fhostóirí a sonraí teagmhála a chur ar fáil, lena n-áirítear a gcláruimhir chuideachta, agus cóip den tseiceáil ar an taifead coiriúil de na daoine nádúrtha atá i gceannas ar an gcuideachta. Ba cheart do Phointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais a cheangal ar fhostóirí freisin páirt a ghlacadh i seisiún faisnéise maidir le hearcaíocht chothrom agus caighdeáin idirnáisiúnta saothair. Tar éis dóibh a bheith rannpháirteach sa seisiún sin, ba cheart an deis a thabhairt don fhostóir páirt a ghlacadh i seisiúin faisnéise bhreise agus i gceardlanna maidir le hearcaíocht chothrom arna n-eagrú ag Pointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais. Ba cheart d'fhostóirí a bheith in ann a chur in iúl ar a bpróifíl go bhfuil na ceardlanna breise sin curtha i gcrích acu mar mhodh chun a léiriú d'fhostaithe ionchasacha go bhfuil siad tiomanta d'earcaíocht chóir agus do dhálaí oibre cuibhiúla. Trí cheardlanna breise maidir le hearcaíocht chothrom a thabhairt chun críche, ba cheart go gcuideodh an fostóir le níos mó infheictheachta ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais tríd an gcóras meaitseála uathoibrithe. Roimh dóibh a bpróifíl a ligean isteach sa chóras, ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais scagadh a dhéanamh ar fhostóirí atá bunaithe sa Bhallstát a d'ainmnigh iad bunaithe ar an bhfaisnéis uile atá ar fáil.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16b) I gcás ina sáróidh fostóir an dlí agus an cleachtas ábhartha dá dtagraítear sa Rialachán seo agus go ndéanann na húdaráis náisiúnta ábhartha atá freagrach as an dlí agus an cleachtas ábhartha sin a fhorfheidhmiú fógra a thabhairt ina leith do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais, ba cheart rochtain an fhostóra ar Linn Tallainne an Aontais a chur ar fionraí agus ba cheart a bhfolúntais poist a bhaint. Ba cheart an fhionraí a chúlghairm gan mhoill a luaithe a bheidh fógra tugtha ag na húdaráis náisiúnta ábhartha do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais gur leigheasadh an sárú ar an dlí agus ar an gcleachtas ábhartha nó a luaithe a bheidh sé léirithe ag an bhfostóir lena mbaineann gur leigheasadh é. I gcás sárú ar Threoir 2009/52/CE[1a] nó ar Threoir (AE) 2024/1712[1b] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ba cheart an fostóir a chur ar fionraí ó Linn Tallainne an Aontais go ceann tréimhse éiginnte.

[1a] Treoir 2009/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 lena bhforáiltear do chaighdeáin íosta i ndáil le smachtbhannaí agus bearta i gcoinne fostóirí náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach (IO L 168, 30.6.2009, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/52/oj).

[1b] Treoir (AE) 2024/1712 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint

***(*IO L, 2024/1712, 24.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1712/oj**).

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Ba cheart do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ar mian leo clárú i Linn Tallainne an Aontais próifíl a chruthú trí úsáid a bhaint as feidhmiúlacht tógálaí próifíle Europass[12] lena gcumasaítear próifíl saor in aisce a chruthú agus na scileanna, na cáilíochtaí agus an taithí ábhartha eile a thuairisciú in aon suíomh slán amháin ar líne.	(17) Ba cheart do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ar mian leo clárú i Linn Tallainne an Aontais ***a bheith in ann*** próifíl a chruthú trí úsáid a bhaint as feidhmiúlacht tógálaí próifíle Europass[12] lena gcumasaítear próifíl saor in aisce a chruthú agus na scileanna, na cáilíochtaí agus an taithí ábhartha eile a thuairisciú in aon suíomh slán amháin ar líne. ***Ba cheart do Linn Tallainne an Aontais feabhas a chur ar an rochtain ar fhaisnéis maidir le critéir incháilitheachta agus roghnúcháin. Ba cheart na critéir sin a bheith trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus ba cheart iad a leagan síos ar bhealach leathan ionas gur féidir cuardaitheoirí poist ar gach leibhéal scile a ligean isteach. Ba cheart coimircí in aghaidh an idirdhealaithe nó claontachta a bheith ionsuite i gcóras meaitseála uathoibrithe Linn Tallainne an Aontais. Ba cheart do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais comhoibriú le páirtithe leasmhara amhail eagraíochtaí gnó agus eagraíochtaí a oibríonn le náisiúnaigh tríú tír chun feasacht a mhúscailt agus chun tuiscint ar Europass agus ar a fheidhmeanna a fheabhsú.***
[12] Cinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do	[12] Cinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do

scileanna agus do cháilíochtaí (IO L 112, 2.5.2018, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/646/oj).	scileanna agus do cháilíochtaí (IO L 112, 2.5.2018, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/646/oj).

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) I gcás inar gá, ba cheart aitheantas a thabhairt do***cháilíochtaí agus do bhailíochtú scileanna*** cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha sna Ballstáit ***rannpháirteacha*** arna iarraidh sin don chuardaitheoir poist nó don fhostóir i gcomhréir leis an dlí agus leis na cleachtais náisiúnta, ***agus*** le haon chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Socruithe maidir le hAitheantas Frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla. Ba cheart cúnamh pearsantaithe agus faisnéis ar líne maidir le nósanna imeachta aitheantais agus bailíochtaithe atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta a bheith ar fáil in ardán TF Linn Tallainne an Aontais agus ***ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais*** ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh Eorpaigh é a sholáthar.	(18) ***Chun saorghluaiseacht oibrithe a chur chun cinn agus chun dlús a chur le nósanna imeachta aitheantais, ní mór líon na ngairmeacha rialáilte nach bhfuil fágtha ach i líon beag Ballstát a laghdú. Tá sé tábhachtach freisin cur chuige 'Scileanna ar dTús' a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn daoine ag earcú, agus tacar iomlán cumas, inniúlachtaí agus cáilíochtaí á chur san áireamh i gcomhréir leis an Moladh ón gCoimisiún an 15 Samhain 2023 maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí náisiúnach tríú tír. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin maidir le hearcaíocht idirnáisiúnta, ós rud é go léiríonn sonraí gur dóchúla go mbeidh náisiúnaigh tríú tír rócháilithe dá bpost ná saoránaigh an Aontais. Mar sin féin***, i gcás inar gá, ba cheart aitheantas a thabhairt do ***mhicridhintiúir*** cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha sna Ballstáit arna iarraidh sin don chuardaitheoir poist nó don fhostóir i gcomhréir leis an dlí agus leis na cleachtais náisiúnta***. Ba cheart an t-aitheantas sin a bheith i gcomhréir*** le haon chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Socruithe um Aitheantas Frithpháirteach le haghaidh cáilíochtaí gairmiúla. Ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais cúnamh pearsantaithe agus faisnéis ar líne maidir leis na nósanna imeachta aitheantais agus bailíochtaithe atá ann

	cheana ***ar an leibhéal náisiúnta a sholáthar agus ba cheart é a bheith curtha ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais ar bhealach soiléir, cuimsitheach agus soláimhsithe don úsáideoir agus i bhformáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, agus na caighdeáin inrochtaineachta ábhartha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/2102 agus na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/. á n-urramú.***
	Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Ba cheart liosta na dtríú tíortha agus na mBallstát atá rannpháirteach i gComhpháirtíochtaí Tallainne a fhoilsiú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais in éineacht leis na gairmeacha ábhartha a bhfuil gach comhpháirtíocht ag díriú orthu.	(20) Ba cheart liosta na dtríú tíortha agus na mBallstát atá rannpháirteach i gComhpháirtíochtaí Tallainne a fhoilsiú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais in éineacht leis na gairmeacha ábhartha a bhfuil gach comhpháirtíocht ag díriú orthu. ***Ba cheart do Chomhpháirtíochtaí Tallainne cloí i gcónaí le caighdeáin chothroma earcaíochta agus imirce chiorclach a chur chun cinn chun imirce daoine oilte a sheachaint.***
	Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) I gcomhthéacs Comhpháirtíochta	(21) I gcomhthéacs Comhpháirtíochta

Tallainne, féadfar forbairt agus bailíochtú scileanna a dhíriú ar mhargadh fostaíochta Ballstáit ***rannpháirtigh*** amháin nó níos mó. Féadfaidh na Ballstáit rannchuidiú, ó thaobh airgeadais de, leis an tacaíocht d'fhorbairt agus do bhailíochtú scileanna a thairgtear i gcomhthéacs Comhpháirtíochta Tallainne a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, má chinneann na Ballstáit atá rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht Tallainne amhlaidh, níor cheart ach d'fhostóirí atá bunaithe i mBallstát amháin nó níos mó atá rannpháirteach i gComhpháirtíocht Tallainne a bheith in ann, ar feadh uastréimhse ***bliana***, cuardaitheoirí poist cláraithe a bhfuil ‘pas Comhpháirtíochta Tallainne de chuid an Aontais’ acu a chuardach. D’fhéadfadh feidhm a bheith ag an bhféidearthacht sin, go háirithe, i gcásanna ina raibh forbairt scileanna dírithe go sonrach ar riachtanais Ballstáit. Faisnéis maidir le cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear an fhéidearthacht sin i bhfeidhm agus cad iad na cásanna ar cheart iad a sholáthar ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais, chun cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus ó fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais a chur ar an eolas. Féadfaidh gach fostóir atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe a bhfuil ‘pas Comhpháirtíochta Tallainne de chuid an Aontais’ acu a chuardach tar éis don tréimhse ama sin a bheith caite. Ba cheart an deis a bheith i gcónaí ag cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a fuair tacaíocht faoi Chomhpháirtíocht Tallainne clárú i Linn Tallainne an Aontais mar aon náisiúnach tríú tír eile, gan a dhearbhú gurb ann do ‘pas Comhpháirtíochta Tallainne de chuid an Aontais’ agus mar sin a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar phoist i mBallstáit eile.

Tallainne, féadfar forbairt agus bailíochtú scileanna a dhíriú ar mhargadh fostaíochta Ballstáit amháin nó níos mó. Féadfaidh na Ballstáit rannchuidiú, ó thaobh airgeadais de, leis an tacaíocht d'fhorbairt agus do bhailíochtú scileanna a thairgtear i gcomhthéacs Comhpháirtíochta Tallainne a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, má chinneann na Ballstáit atá rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht Tallainne amhlaidh, níor cheart ach d’fhostóirí atá bunaithe i mBallstát amháin nó níos mó atá rannpháirteach i gComhpháirtíocht Tallainne a bheith in ann, ar feadh uastréimhse ***sé mhí***, cuardaitheoirí poist cláraithe a bhfuil ‘pas Comhpháirtíochta Tallainne de chuid an Aontais’ acu a chuardach. D’fhéadfadh feidhm a bheith ag an bhféidearthacht sin, go háirithe, i gcásanna ina raibh forbairt scileanna dírithe go sonrach ar riachtanais Ballstáit. Faisnéis maidir le cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear an fhéidearthacht sin i bhfeidhm agus cad iad na cásanna ar cheart iad a sholáthar ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais, chun cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus ó fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais a chur ar an eolas. Féadfaidh gach fostóir atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe a bhfuil ‘pas Comhpháirtíochta Tallainne de chuid an Aontais’ acu a chuardach tar éis don tréimhse ama sin a bheith caite. Ba cheart an deis a bheith i gcónaí ag cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a fuair tacaíocht faoi Chomhpháirtíocht Tallainne clárú i Linn Tallainne an Aontais mar aon náisiúnach tríú tír eile, gan a dhearbhú gurb ann do ‘pas Comhpháirtíochta Tallainne de chuid an Aontais’ agus mar sin a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar phoist i mBallstáit eile.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Leagtar amach ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) ina 'Prionsabail ghinearálta agus treoirlínte oibríochtúla maidir le hearcaíocht chothrom' roinnt caighdeán maidir le cosaint leordhóthanach cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i gcoinne earcaíocht éagórach. Ba cheart d'fhostóirí dlí agus cleachtas an Aontais is infheidhme a chomhlíonadh. Ina theannta sin ba cheart do na fostóirí cóir chomhionann a áirithiú do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i ndáil le náisiúnaigh na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir le Treoir 2011/98[13] , Treoir 2014/36/EU[14] , Treoir 2021/1883/EU[15] , agus Treoir 2016/801/EU[16] . I gcomhréir le Treoir 2019/1152/AE[17], ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais faisnéis i scríbhinn agus i dteanga intuigthe faoi na cearta agus na hoibleagáidí a thagann as an gcaidreamh fostaíochta ag tús na fostaíochta a sholáthar do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha. Ba cheart an áit agus an cineál oibre, fad na fostaíochta, an luach saothair, na huaireanta oibre, méid aon saoire le pá agus, i gcás inarb infheidhme, dálaí oibre ábhartha eile a áireamh san fhaisnéis sin. Níor cheart d'fhostóir aon táillí earcaíochta a ghearradh ná toirmeasc a chur ar oibrí glacadh le post le fostóirí eile, lasmuigh den chlár oibre a chuirtear ar bun leis an bhfostóir, ná níor cheart dóibh caitheamh go díobhálach le hoibrí má dhéanann sé nó sí amhlaidh. Ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Treoir 96/71/CE[18] arna leasú le Treoir 2018/957 a chomhlíonadh agus iad ag postú oibrithe faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar, go háirithe maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta a	(23) Tá roinnt caighdeán ***leagtha amach ag EIS*** maidir le cosaint leormhaith do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ar earcaíocht éagórach, ***lena n-áirítear an prionsabal nach bhfuil aon táillí earcaíochta ná costais ghaolmhara le gearradh go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach***, ar oibrithe. Ba cheart d'fhostóirí ***ar mian leo clárú ar Linn Tallainne an Aontais*** a dhearbhú go gcloíonn siad le Prionsabail Ghinearálta agus Treoirlínte Oibríochtúla EIS maidir le hEarcaíocht Chothrom agus go seasann siad leo, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar tháillí earcaíochta agus costais ghaolmhara a ghearradh ar chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha. ***Ina theannta sin, ceanglaítear ar fhostóirí*** dlí agus cleachtas is infheidhme an Aontais a chomhlíonadh. Ina theannta sin ba cheart do na fostóirí cóir chomhionann a áirithiú do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i ndáil le náisiúnaigh na mBallstát i gcomhréir le Treoir 2011/98[13] , Treoir. 2014/36/EU[14] , Treoir 2021/1883/EU[15], agus Treoir. 2016/801/EU[16] . I gcomhréir le Treoir. (AE) 2019/115217, ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach sa Linn Tallainne an Aontais faisnéis a sholáthar do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ***ar bhealach inrochtana*** agus i dteanga intuigthe maidir lena gcearta agus a n-oibleagáidí a eascraíonn as an gcaidreamh fostaíochta, ***laistigh de thréimhse réasúnach sula gcuirfear tús leis an gconradh fostaíochta.*** Ba cheart an áit agus an cineál oibre, fad na fostaíochta, an luach saothair, ***lena n-áirítear aon liúntais bhreise, asbhaintí dleathacha,*** na huaireanta oibre, méid aon saoire le pá agus, i gcás inarb infheidhme, dálaí oibre

bhunaítear dá réir sin amhail an oibleagáid nach féidir oibrithe tríú tír a phostú chuig Ballstát ach amháin má tá siad fostaithe go dlíthiúil agus de ghnáth i mBallstát eile.

ábhartha eile a áireamh san fhaisnéis sin. ***Ba cheart faisnéis ábhartha, lena n-áirítear an prionsabal nach ngearrfar aon táillí earcaíochta ná costais ghaolmhara ar an gcuardaitheoir poist ó thríú tír,*** a sholáthar sa phost folúntais freisin chun trédhearcacht agus intuarthacht a fheabhsú don chuardaitheoir poist. ***Níor cheart d'fhostóir*** toirmeasc a chur ar oibrí glacadh le post le fostóirí eile, lasmuigh den chlár oibre a chuirtear ar bun leis an bhfostóir, ná níor cheart dóibh caitheamh go díobhálach le hoibrí má dhéanann sé nó sí amhlaidh. Ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Treoir. 96/71/CE[18] arna leasú le Treoir 2018/957 a chomhlíonadh agus iad ag postú oibrithe faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar, go háirithe maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta a bhunaítear dá réir sin amhail an oibleagáid nach féidir oibrithe tríú tír a phostú chuig Ballstát ach amháin má tá siad fostaithe go dlíthiúil agus de ghnáth i mBallstát eile. ***I gcomhréir leis an dlí nó leis an gcleachtas náisiúnta, ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, faireachán réamhghníomhach a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíonann fostóirí an Treoir sin.***

---

[13] Treoir. 2011/98/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh ceadúnas aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar de chearta comhchoiteanna d'oibreoirí tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil i mBallstát (IO L 343, 23.12.2011, lgh. 1-9, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/98/oj).

[14] Treoir 2014/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críche

---

[13] Treoir 2011/98/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh ceadúnas aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar de chearta comhchoiteanna d'oibreoirí tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil i mBallstát (IO L 343, 23.12.2011, lgh. 1-9, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/98/oj).

[14] Treoir 2014/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críche

fostaíochta mar oibrithe séasúracha (IO L 94, 28.3.2014, lch. 375, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/36/oj).	fostaíochta mar oibrithe séasúracha (IO L 94, 28.3.2014, lch. 375, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/36/oj?locale=ga).
[15] Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta ardcháilíochta, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle, IO L 382, 28.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2021/1883/oj).	[15] Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta ardcháilíochta, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle, IO L 382, 28.10.2021, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2021/1883/oj?locale=ga
[16] Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair au pair (athmhúnlú), IO L 132, 21.5.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/801/oj).	[16] Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair au pair (athmhúnlú), IO L 132, 21.5.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/801/oj).
[17] Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach (IO L 186, 11.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1152/oj).	[17] Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach (IO L 186, 11.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1152/oj).
[18] Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1996/71/oj).	[18] Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1996/71/oj).

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23a) Is minic a bhíonn imircigh saothair faoi mhíchumas i mbaol staideanna forbhásacha sa mhargadh saothair. Tá sé tábhachtach feasacht a mhúscailt maidir le staid na n-imirceach saothair faoi mhíchumas agus a áirithiú go gcosnófar a gcearta mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas iad, eadhon an ceart chun oibre agus an ceart chun neamh-idirdhealaithe. Tá sé tábhachtach go mbeadh sé d'aidhm ag fostóirí an éagsúlacht a bhaint amach agus náisiúnaigh tríú tír á n-earcú acu, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Tá sé ríthábhachtach freisin a áirithiú go mbeidh rochtain ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart do na seirbhísí a thairgeann an t-ardán na caighdeáin inrochtaineachta ábhartha a leagtar amach i dTreoir (AE). 2016/2102 agus na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 a chomhlíonadh.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Chun meaitseáil ardchaighdeáin a áirithiú, ba cheart do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais rochtain a fháil ar liosta de phróifílí cuardaitheoirí poist agus d'fholúntais phoist chláraithe atá molta bunaithe ar	(24) Chun meaitseáil ardchaighdeáin a áirithiú, ba cheart do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais rochtain a fháil ar liosta de phróifílí cuardaitheoirí poist agus d'fholúntais phoist chláraithe atá molta bunaithe ar

ábharthacht a scileanna, a gcáilíochtaí agus a dtaithí oibre don fholúntas poist. Gintear an liosta le huirlis mheaitseála uathoibrithe ardán TF Linn Tallainne an Aontais.

ábharthacht a scileanna, a gcáilíochtaí agus a dtaithí oibre don fholúntas poist. Gintear an liosta le huirlis mheaitseála uathoibrithe ardán TF Linn Tallainne an Aontais. ***Ba cheart do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bheith in ann a chur in iúl cén réigiún nó cén Ballstát ina bhfuil suim acu a bheith ag obair.***

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha faisnéis maidir le Linn Tallainne an Aontais agus maidir lena feidhmiú a chur ar fáil go héasca do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha agus ó fhostóirí, go háirithe maidir le faisnéis faoi na húdaráis inniúla sna Ballstáit rannpháirteacha. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais.	(26) ***Chun earcaíocht chothrom a chur chun cinn agus trédhearcacht a neartú do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha agus d'fhostóirí ar mian leo earcú ó thar lear, ba cheart do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais, le tacaíocht ó Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais,*** faisnéis maidir le Linn Tallainne an Aontais agus a feidhmiú a chur ar fáil go héasca ar ***ardán TF Linn Tallainne an Aontais , lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas.*** Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais. ***Ba cheart dó faisnéis a sholáthar freisin maidir le nósanna imeachta earcaíochta gach Ballstáit, nó nasc chuig na nósanna imeachta sin, lena n-áirítear cáilíochtaí a aithint agus scileanna a bhailíochtú, nósanna imeachta inimirce, cearta náisiúnach tríú tír, dálaí maireachtála agus oibre agus sásraí sásaimh atá ar fáil maidir le cásanna dúshaothraithe saothair. Ba cheart sásraí casaoide dá dtagraítear sa Rialachán seo a bheith ar fáil go héasca, inacmhainne agus freagrúil ó thaobh inscne de, mar shampla trí bhanchomhairleoirí agus***

baill foirne a sholáthar sa phróiseas agus nósanna imeachta feabhsúcháin agus rochtana ar nósanna imeachta ceartais. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go gcosnófar cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ar fhrithbheart, mar shampla trí ghearáin anaithnide a chumasú. Ba cheart go mbeadh sé soiléir san fhaisnéis a sholathraítear conas is féidir le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha dul ar aghaidh i gcás mí-úsáide nó dúshaothraithe ag fostóirí. Tá Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais freagrach as an bhfaisnéis sin a choinneáil cothrom le dáta. Ba cheart an fhaisnéis a sholáthar i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí a oibríonn le náisiúnaigh tríú tír agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha. Ba cheart rochtain éasca a bheith ar shonraí teagmhála ábhartha ina leith sin trí ardán TF Linn Tallainne an Aontais.

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Ba cheart do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais a áirithiú go mbeidh faisnéis atá inrochtana go héasca maidir le nósanna imeachta inimirce, aitheantas do cháilíochtaí agus bailíochtú scileanna, cearta náisiúnach tríú tír, dálaí maireachtála agus oibre chomh maith leis na sásraí sásaimh atá ar fáil do chásanna dúshaothraithe saothair agus do chleachtais earcaíochta éagóracha sna Ballstáit rannpháirteacha ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais. ***Ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais an fhaisnéis ábhartha a sholáthar do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais***	(27) ***Tar éis cuardaitheoir poist ó thríú tír agus fostóir a mheaitseáil, ba cheart do Phointe Teagmhála Náisiúnta ábhartha Linn Tallainne an Aontais*** a áirithiú ***go bhfaigheann an cuardaitheoir poist faisnéis bhreise i bhformáid inrochtana, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas. Ba cheart a chumhdach leis an bhfaisnéis sin na*** nósanna imeachta ***chun víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil chun críocha oibre sa Bhallstát lena mbaineann, treoir shonrach maidir le nósanna imeachta athaontaithe teaghlaigh agus cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír lena n-áirítear***

chun go bhféadfar í a fhoilsiú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais. Ba cheart faisnéis ar líne faoi thacaíocht atá ar fáil do chuardaitheoirí poist a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu agus atá i dtríú tíortha a bheith ar fáil freisin ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais. D'fhéadfaí a áireamh ar bhearta tacaíochta a chuir na Ballstáit i bhfeidhm feachtais shonracha faisnéise, tacaíocht chun doiciméad taistil a fháil, agus tacaíocht um imeascadh nuair a thagann siad.	***rochtain ar shochair shóisialta, cúnamh sláinte, oideachas, tithíocht,*** cáilíochtaí a aithint agus an sásra casaoide atá ar fáil. Ba cheart a áireamh leis freisin faisnéis maidir le lánpháirtiú cuardaitheora poist ó thríú tír sa Bhallstát óstach a éascú, amhail cúrsaí teanga, gairmoiliúint agus oideachas agus bearta eile um imeascadh agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, sonraí teagmhála eagraíochtaí a thairgeann cúnamh iar-earcaíochta do náisiúnaigh tríú tír ***amhail cláir idirlinne***.
	Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Ba cheart faisnéis a sholáthraítear ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais a chur ar fáil i dteangacha oifigiúla na mBallstát rannpháirteach ar a laghad.	(28) Ba cheart faisnéis a sholáthraítear ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais a chur ar fáil i dteangacha oifigiúla ***institiúidí an Aontais ar bhealach soiléir, cuimsitheach agus soláimhsithe agus i bhformáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, agus na caighdeáin inrochtaineachta ábhartha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/2102 agus na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir. (AE). 2019/882 á n-urramú.***
	Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Ba cheart do Thoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh tacú le soláthar faisnéise do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha maidir le Linn Tallainne an Aontais agus maidir lena fheidhmiú agus na Ballstáit atá rannpháirteach inti.	(29) Ba cheart ról gníomhach a bheith ag Toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh, i gcomhar leis na Ballstáit, maidir le tacú le soláthar faisnéise do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha maidir le Linn Tallainne an Aontais agus maidir lena feidhmiú. ***Áirítear leis sin, mar shampla, faisnéis a chur ar fáil i dteangacha oifigiúla tríú tíortha*** atá rannpháirteach. ***i gComhpháirtíochtaí Tallainne***

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Arna iarraidh sin do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais, d'fhéadfadh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais tacaíocht bhreise a sholáthar. Ba cheart a áireamh ar thacaíocht bhreise faisnéis shaincheaptha maidir le víosaí ábhartha agus ceadanna cónaithe chun críocha oibre sa Bhallstát rannpháirteach lena n-áirítear maidir le cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír amhail rochtain ar shochair shóisialta, cúnamh sláinte, oideachas agus tithíocht. Féadfar treoir shonrach agus faisnéis shonrach a sholáthar freisin maidir le nósanna imeachta athaontaithe teaghlaigh agus cearta bhaill teaghlaigh, agus bearta atá ann cheana chun imeascadh a éascú sa Bhallstát óstach amhail cúrsaí teanga agus gairmoiliúint. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin freisin na sásraí sásaimh atá ar fáil do chásanna dúshaothraithe	***scriosta***

saothair agus do chleachtais earcaíochta éagóracha sna Ballstáit rannpháirteacha. Ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais faisnéis a sholáthar d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais maidir lena gcearta agus lena n-oibleagáidí a bhaineann le slándáil shóisialta, le bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair, le cánachas, le saincheisteanna a bhaineann le conarthaí oibre, le teidlíochtaí pinsin agus le hárachas sláinte.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Chun cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart a áirithiú go ndéanfar acquis an Aontais maidir le himirce dhleathach a chur chun feidhme go héifeachtach. Ina theannta sin, chun earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas a dhéanamh níos éasca agus níos tapúla d'fhostóirí, féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha nósanna imeachta inimirce brostaithe a chur i bhfeidhm go háirithe maidir le bac a chur ar víosaí agus ar cheadanna cónaithe chun críocha oibre agus maidir le díolúine ó phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais. D'fhéadfaí cur chun feidhme nósanna imeachta inimirce brostaithe a phlé i gcomhthéacs Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais, go háirithe chun tacú le malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát.	(31) Chun cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart a áirithiú go ndéanfar *acquis* an Aontais maidir le himirce dhleathach a chur chun feidhme go héifeachtach. Ina theannta sin, chun earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas a dhéanamh níos éasca agus níos tapúla d'fhostóirí ***agus chun nasc feidhmiúil a sholáthar leis an liosta de ghairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn, ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta inimirce brostaithe*** a chur i bhfeidhm do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a earcaítear do ghairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe agus do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil 'pas Comhpháirtíochta Tallainne de chuid an Aontais' faighte acu i gcomhpháirtíocht inar ghlac an Ballstát páirt. ***Ba cheart a chumhdach leis na nósanna imeachta sin an laghdú ar theorainneacha ama áirithe dá***

bhforáiltear i dTreoracha (AE) 2024/1233[1a] agus (AE) 2021/1883[1b] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an díolúine ó phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais. D'fhéadfaí a chumhdach leis na nósanna imeachta sin freisin víosaí a fháil chun críocha oibre. ***Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann nósanna imeachta inimirce brostaithe a chur i bhfeidhm freisin maidir le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a earcaítear i ngairmeacha nach liostaítear sa liosta de ghairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn.*** D'fhéadfaí cur chun feidhme nósanna imeachta inimirce brostaithe a phlé i gcomhthéacs Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais, go háirithe chun tacú le malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát. ***Tá sé ríthábhachtach freisin go ndéanfaidh Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais, le tacaíocht ó Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais, réamhaisnéisí maidir leis an margadh saothair agus faisnéis scileanna, mar shampla tríd an Ardán um Imirce Saothair. D'fhéadfadh na réamhaisnéisí sin a bheith mar bhunús le Comhpháirtíochtaí Tallainne a bheidh ann amach anseo.***

[1a] Treoir. (AE). 2024/1233 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibrithe tríú tír a chónaíonn go dleathach i mBallstát (IO L, 2024/1233, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1233/oj).

[1b] Treoir. (AE). 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le

coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta ardcháilíochta, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle, IO L 382, 28.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2021/1883/oj).

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh maidir le hearcaíocht idirnáisiúnta a éascú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun an Rialachán seo a leasú maidir leis an Iarscríbhinn ina soláthraítear liosta de ghairmeacha ina bhfuil ganntanais ar fud an Aontais. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.	(33) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh maidir le hearcaíocht idirnáisiúnta a éascú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun an Rialachán seo a leasú maidir leis an Iarscríbhinn ina soláthraítear liosta de ghairmeacha ina bhfuil ganntanais ar fud an Aontais. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. ***Ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, go háirithe ar an leibhéal earnála, agus le hionadaithe sainleasa ó eagraíochtaí atá ag obair do náisiúnaigh tríú tír agus d'eagraíochtaí atá ag obair do dhaoine faoi mhíchumas.*** Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am

céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[19] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj).

[19] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj).

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19].	(34) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19]. ***[19] Sula bhfeidhmeoidh sé a chumhachtaí cur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún ionchur a lorg freisin ó na páirtithe leasmhara ábhartha go léir.***

[19] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj.

[19] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj.

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(37) Ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán le hoibleagáidí uile Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais agus go háirithe gan idirdhealú ar bhonn gnéis, cine, datha, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teangacha, reiligiúnacha nó creidimh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairimí eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh. Ba cheart a áirithiú go n-urramófar dálaí oibre cothroma agus córa agus go gcosnófar daoine óga ag an obair.	(37) ***Ceanglaítear ar na Ballstáit*** an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán le hoibleagáidí uile Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais agus go háirithe gan idirdhealú bunaithe ar ghnéas, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teangacha, reiligiúnacha nó creidimh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairimí eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh. Ba cheart a áirithiú go n-urramófar dálaí oibre cothroma agus córa, cosaint daoine óga ag an obair, agus an comhionannas inscne.

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 39 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(39a) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], agus thug sé tuairim uaidh an 9 Eanáir 2024,
	[1a] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí

	den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).
	Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Bunaítear leis an Rialachán seo Linn Tallainne de chuid an Aontais atá ar fáil do gach Ballstát chun earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas a éascú.	1. Bunaítear leis an Rialachán seo Linn Tallainne de chuid an Aontais atá ar fáil do na Ballstáit uile ***chun an méid seo a leanas a dhéanamh:***
	(a) earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ***a éascú gan beann ar a leibhéal cáilíochta; agus***
	(b) caighdeáin earcaíochta chóra a chur chun cinn mar a leagtar amach i bPrionsabail Ghinearálta agus Treoirlínte Oibríochtúla EIS maidir le hEarcaíocht Chothrom.
	Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) feidhmiú ardán TF Linn Tallainne an Aontais agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara;	(b) feidhmiú ardán TF Linn Tallainne an Aontais agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara ***amhail ceanglais inrochtaineachta agus soláthar faisnéise;***
	Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus maidir le fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha.	Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ***gan beann ar a leibhéal cáilíochta*** agus maidir le fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 3	***scriosta***
Rannpháirtíocht	
1. Féadfaidh aon Bhallstát a chinneadh, tráth ar bith, a bheith rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais. Tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoina chinneadh 9 mí ar a dhéanaí roimh an dáta a mbeidh sé ar intinn aige a bheith rannpháirteach. Ón gcéad lá rannpháirtíochta, féadfar folúntais fostaíochta fostóirí atá bunaithe sa Bhallstát sin a aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais.	
2. Cuirfear faisnéis faoi na Ballstáit rannpháirteacha ar fáil go poiblí ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais.	

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) ciallaíonn 'Ballstáit rannpháirteacha' na Ballstáit atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais;	***scriosta***

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ciallaíonn "cuardaitheoir poist ó thríú tír" duine a bhfuil cónaí air nó uirthi lasmuigh den Aontas nach saoránach de chuid an Aontais é nó í de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE agus a bhfuil fostaíocht á lorg aige nó aici san Aontas;	(2) ciallaíonn 'cuardaitheoir poist ó thríú tír' ***duine a bhfuil lán-aois bainte amach aige nó aici faoi dhlí náisiúnta a dtíre cónaithe, a bhfuil cónaí air nó uirthi lasmuigh den*** Aontas***,*** nach saoránach den Aontas é nó í de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE agus ***atá*** ag lorg fostaíochta san Aontas;

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) ciallaíonn 'cainéal comhordaithe aonair' an tseirbhís TF a chuirtear ar bun chun folúntais phoist a tharchur ó na Ballstáit rannpháirteacha chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais de réir córais aonfhoirmigh agus an bonneagar teicniúil	(5) ciallaíonn 'cainéal comhordaithe aonair' an tseirbhís TF a chuirtear ar bun chun folúntais phoist a tharchur ó na Ballstáit chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais de réir córais aonfhoirmigh agus an bonneagar teicniúil is gá á úsáid.

is gá á úsáid.

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) ciallaíonn 'folúntas' post íoctha, printíseacht íoctha nó tréimhse oiliúna íoctha a cruthaíodh as an nua, nach bhfuil áitithe, nó atá ar tí a bheith folamh agus a bhfuil céimeanna gníomhacha á nglacadh ag an bhfostóir ina leith agus atá sásta bearta breise a dhéanamh chun iarrthóir oiriúnach a aimsiú ó lasmuigh den fhiontar lena mbaineann agus a bhfuil sé beartaithe ag an bhfostóir é a líonadh láithreach nó laistigh de thréimhse shonrach ama.

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Bunaítear ardán TF Linn Tallainne an Aontais chun earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a éascú.	1. Bunaítear ardán TF Linn Tallainne an Aontais chun earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a éascú. ***Déanfar an fhaisnéis ar an ardán a sholáthar i dteangacha oifigiúla uile institiúidí an Aontais agus comhlíonfaidh sí na caighdeáin inrochtaineachta ábhartha a leagtar amach i dTreoir. (AE). 2016/2102 agus na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir. (AE). 2019/882.***

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an cainéal comhordaithe aonair lena gcumasaítear do na Ballstáit rannpháirteacha folúntais phoist a aistriú chuig bunachar sonraí Linn Tallainne an Aontais;	(a) an cainéal comhordaithe aonair lena gcumasaítear do na Ballstáit folúntais phoist a aistriú chuig bunachar sonraí Linn Tallainne an Aontais;

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an bonneagar teicniúil lena gcuirtear ar chumas bhunachar sonraí Linn Tallainne an Aontais na folúntais phoist a fháil ó na Ballstáit rannpháirteacha;	(b) an bonneagar teicniúil lena gcuirtear ar chumas bhunachar sonraí Linn Tallainne an Aontais na folúntais phoist a fháil ó na Ballstáit;

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) an cainéal cumarsáide slán chun a chur ar chumas cuardaitheoirí poist agus fostóirí cláraithe atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais cumarsáid a dhéanamh laistigh d'ardán TF Linn Tallainne an Aontais.	(f) an cainéal cumarsáide slán chun a chur ar chumas cuardaitheoirí poist agus fostóirí cláraithe atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais cumarsáid a dhéanamh laistigh d'ardán TF Linn Tallainne an Aontais ***agus chun gur féidir tástálacha agus agallaimh scileanna a dhéanamh go díreach ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais;***

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Beidh ***faisnéis phoiblí ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais maidir le feidhmiú Linn Tallainne an Aontais agus faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:***
	(i) Nósanna imeachta earcaíochta na mBallstát, nósanna imeachta chun scileanna a aithint agus nósanna imeachta scagtha;
	(ii) nósanna imeachta inimirce;
	(iii) cearta náisiúnach tríú tír;
	(iv) sásraí comhshásaimh; agus
	(v) dálaí maireachtála agus oibre sna Ballstáit.

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha agus Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8 idir-inoibritheacht theicniúil idir córais náisiúnta agus ardán TF Linn Tallainne an Aontais . Áiritheofar le Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais an comhéadan le hionstraimí agus seirbhísí ábhartha eile arna dtairiscint ar leibhéal an Aontais, i gcás inarb iomchuí.	4. Áiritheoidh na Ballstáit agus Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8 idir-inoibritheacht theicniúil idir córais náisiúnta agus ardán TF Linn Tallainne an Aontais. Áiritheofar le Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais an comhéadan le hionstraimí agus seirbhísí ábhartha eile arna dtairiscint ar leibhéal an Aontais, i gcás inarb iomchuí.

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áireofar i bpróifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ainm, sloinne, sonraí teagmhála, dáta breithe agus náisiúntacht, faisnéis faoi cháilíochtaí acadúla agus gairmiúla, taithí oibre, scileanna eile agus eolas teanga. Áireofar ainm, sloinne agus sonraí teagmhála i bhfolúntais phoist fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais.	3. Áireofar i bpróifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ainm, sloinne, sonraí teagmhála, dáta breithe agus náisiúntacht, faisnéis faoi cháilíochtaí acadúla agus gairmiúla, taithí oibre, scileanna eile agus eolas teanga. ***Áireofar i bpróifílí fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais atá cláraithe ar an ardán ainm an fhostóra agus, i gcás daoine nádúrtha, sloinne, sonraí teagmhála, uimhir chlárúcháin na cuideachta agus an earnáil gníomhaíochta agus tuairisc ghairid ar oibríochtaí an fhostóra.***

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Déanfar próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha nach bhfuarthas rochtain orthu ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chlárú a bpróifílí a bhaint nó a anaithnidiú agus ní stórálfar aon sonraí pearsanta. Nuair a bhaintear próifílí, d'fhéadfaí leanúint de thacar teoranta sonraí anaithnidithe a stóráil chun críocha taighde agus staidrimh chomh maith le sonraí a	6. Déanfar próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha nach bhfuarthas rochtain orthu ar feadh bliana ó chlárú a bpróifílí a bhaint nó a anaithnidiú agus ní stórálfar aon sonraí pearsanta. Nuair a bhaintear próifílí, d’fhéadfaí leanúint de thacar teoranta sonraí anaithnidithe a stóráil chun críocha taighde agus staidrimh chomh maith le sonraí a bhaint amach chun

bhaint amach chun feidhmiú Linn Tallainne an Aontais a fheabhsú.	feidhmiú Linn Tallainne an Aontais a fheabhsú.

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Ní bheidh rochtain ar shonraí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ach ag fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais, agus ag Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais. Beidh rochtain ar shonraí fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha, agus ag Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais.	8. Ní bheidh rochtain ar shonraí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ach ag fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais, agus ag Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais. Beidh rochtain ar shonraí fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha, agus ag Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais. ***Toirmeascfar próiseáil a dhéanamh ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679 agus in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1725 chun críche cuardaigh agus meaitseála.***

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) bainistiú foriomlán ar chúraimí Linn Tallainne an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear pleanáil agus comhordú gníomhaíochtaí Linn Tallainne an Aontais;	(a) bainistiú foriomlán ar chúraimí Linn Tallainne an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear pleanáil agus comhordú gníomhaíochtaí Linn Tallainne an Aontais, amhail feachtais múscailte feasachta;

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) faisnéis ábhartha a fhoilsiú maidir le hardán TF Linn Tallainne an Aontais de bhun Airteagal 3(3), Airteagal 10(2), pointe (f), Airteagal 12(5),(6) agus (7), Airteagal 14(2) agus Airteagal 15(2);	(c) faisnéis ábhartha a fhoilsiú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais de bhun Airteagal 10(2), pointe (f), Airteagal 12(5), (6) agus (7), Airteagal 14(2), Airteagal 15(2) ***agus Airteagal 17(1) agus an seisiún faisnéise ar líne dá dtagraítear in Airteagal 11(4a) a sholáthar do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha***;

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) cruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais a ullmhú;	(d) cruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais a ullmhú ***agus malartuithe a shocrú le húdaráis ábhartha ó thríú tíortha i gcomhar le Toscaireachtaí an Aontais agus le seirbhísí taidhleoireachta i dtríú tíortha;***

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) cruinnithe rialta de Líonra Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an	(f) cruinnithe rialta de Líonra Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an

Aontais dá dtagraítear in Airteagal 10 a thionól chun faisnéis agus dea-chleachtais maidir le cur chun feidhme teicniúil ar leibhéal náisiúnta an Rialacháin seo a mhalartú.	Aontais dá dtagraítear in Airteagal 10 a thionól chun faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le cur chun feidhme teicniúil an Rialacháin seo ar leibhéal náisiúnta, chomh maith leis na cruinnithe sin a shioncrónú leis an obair chomhuaineach leanúnach ar nósanna imeachta aitheantais a leagtar amach ***i Moladh ón gCoimisiún an 15 Samhain 2023 maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí náisiúnach tríú tír;***
	Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) comhordú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fhaightear ó Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais maidir le fostóirí a bheith ag cloí le Prionsabail Ghinearálta agus Treoirlínte Oibríochtúla EIS maidir le hEarcaíocht Chothrom.
	Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) tuairimí a mhalartú le saineolaithe dá dtagraítear i mír 4a;
	Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe d b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(db) comhoibriú le húdaráis agus le páirtithe leasmhara i dtríú tíortha chun tacú le cur chun feidhme na gComhpháirtíochtaí Tallainne agus chun bearta a fhorbairt chun imirce daoine oilte a chosc agus chun réamhaisnéisí a dhéanamh ar an margadh saothair.

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Is iad na Ballstáit rannpháirteacha amháin a bheidh ina mbaill de Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais.*** Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais páirt a ghlacadh i gcruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais mar bhreathnóirí.	2. Beidh ionadaithe ó údaráis fostaíochta agus inimirce na mBallstát sa Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais.

Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Beidh sé de cheart ag ionadaithe na n-eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta tras-tionscail ar leibhéal an Aontais a	4. Beidh an ceart ag ionadaithe ó eagraíochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta trastionscail ar leibhéal an Aontais, ó na

bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i gcruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais. Déanfaidh Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais ionadaíocht bheirt rannpháirtithe ó cheardchumann agus ionadaíocht bheirt rannpháirtithe ó eagraíochtaí fostóirí a áirithiú. Síneoidh na hionadaithe sin ráiteas i scríbhinn á dhearbhú nach bhfuil siad i staid coinbhleachta leasa.

fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais agus ó na ceardchumainn, triúr ionadaithe an ceann a cheapadh chun páirt a ghlacadh in obair Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais. Síneoidh na hionadaithe sin ráiteas i scríbhinn á dhearbhú nach bhfuil siad i staid coinbhleachta leasa.

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Féadfar cuireadh a thabhairt freisin do shaineolaithe ó chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta freastal ar chruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha chun a dtuairimí a chur i láthair.

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ainmneoidh gach Ballstát rannpháirteach Pointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go gceapfar údaráis ábhartha ó réimse na fostaíochta agus na hinimirce mar Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais.	1. Ainmneoidh gach Ballstát Pointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go gceapfar údaráis ábhartha ó réimse na fostaíochta agus na hinimirce mar Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais chun sineirgí idir na húdaráis sin a fheabhsú agus chun ró-ualach ar riaracháin náisiúnta

a sheachaint.

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 –mír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) dul i gcomhairle le heagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le treochtaí agus forbairtí sa mhargadh saothair;

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) faisnéis a sholáthar do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais maidir le nósanna imeachta inimirce agus aitheantais ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais agus sonraí ábhartha chun faireachán a dhéanamh ar Linn Tallainne an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 20;	(f) faisnéis a sholáthar do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais maidir le nósanna imeachta ***earcaíochta***, inimirce agus aitheantais ar an leibhéal náisiúnta***, de bhun Airteagal 17(1)***, lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais agus sonraí ábhartha chun faireachán a dhéanamh ar Linn Tallainne an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 20;

Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fostóirí le Prionsabail Ghinearálta agus Treoirlínte Oibríochtúla EIS maidir le hEarcaíocht Chothrom, agus forbairtí náisiúnta ina leith sin a thuairisciú do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais;

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) seirbhísí faisnéise agus tacaíochta a sholáthar do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 17.	(g) seirbhísí faisnéise agus tacaíochta a sholáthar do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 17(2) agus i gcomhar le comhpháirtithe sóisialta, le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus, i gcás inarb infheidhme, le heagraíochtaí a thairgeann cúnamh iar-earcaíochta do náisiúnaigh tríú tír.

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cuirfear deireadh leis an bhfionraí dá dtagraítear i mír 2, pointe (e), den Airteagal seo gan mhoill a luaithe a bheidh fógra tugtha ag na húdaráis náisiúnta ábhartha do Phointí Teagmhála

Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais gur leigheasadh an sárú ar an dlí agus ar an gcleachtas ábhartha nó a luaithe a bheidh sé léirithe ag an bhfostóir lena mbaineann gur leigheasadh é. I gcás sárú ar Threoir 2009/52/CE nó ar Threoir (AE) 2024/1712, cuirfear an fostóir ar fionraí ó Linn Tallainne an Aontais ar feadh tréimhse éiginnte.

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais ó gach Ballstát rannpháirteach a chomóradh go rialta i Líonra na bPointí Teagmhála Náisiúnta chun faisnéis agus dea-chleachtais maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a mhalartú.	3. Déanfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais ó gach Ballstát a chomóradh go rialta i Líonra na bPointí Teagmhála Náisiúnta chun faisnéis agus dea-chleachtais maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a mhalartú.

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bpróifílí a chruthú trí thógálaí próifíle Europass chun clárú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais.	1. ***Beidh cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha in ann a bpróifílí a chruthú*** trí thógálaí próifíle Europass chun clárú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais.

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. A luaithe a bheidh meaitseáil déanta idir cuardaitheoir poist agus fostóir i gcomhréir le hAirteagal 16, arna iarraidh sin do Phointe Teagmhála Náisiúnta ábhartha Linn Tallainne an Aontais, soláthróidh an t-údarás inniúil náisiúnta ábhartha faisnéis ó Chóras Faisnéise Schengen dó chun cruinneas dhearbhú an chuardaitheora poist dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a fhíorú.

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. I gcás ina bhfaighfear amach go bhfuil cuardaitheoir poist ó thríú tír faoi réir cinneadh nó toirmeasc dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh Pointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais an méid sin in iúl do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais. Bainfidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais, dá réir sin, próifíl an chuardaitheora poist sin d'ardán TF Linn Tallainne an Aontais.

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2c. I gcás nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag cinneadh nó toirmeasc dá dtagraítear i mír 2 maidir le cuardaitheoir poist ó thríú tír, féadfaidh an cuardaitheoir poist sin próifíl nua a chruthú chun clárú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais.

Or. en

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2d. Daoine a ciontaíodh i gcion mar a leagtar síos i dTreoir. (AE). 2017/541 nó in aon chion eile ar bagairt é do shlándáil náisiúnta Ballstáit nó a bhfuil bagairt ann do shlándáil náisiúnta Ballstáit, ní bheidh siad in ann clárú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais.

Or. en

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Féadfaidh cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá cláraithe in ardán TF Linn Tallainne an Aontais folúntais a chuardach.	4. Féadfaidh cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá cláraithe in ardán TF Linn Tallainne an Aontais folúntais a chuardach. ***Le huirlis mheaitseála uathoibrithe ardán TF Linn Tallainne an Aontais, áiritheofar infheictheacht níos airde do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a roghnaíodh roimhe sin le haghaidh***

folúntas poist i Linn Tallainne an Aontais.

Or. en

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Ar chlárú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais , tabharfar an deis do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha páirt a ghlacadh i seisiún faisnéise maidir lena gcearta saothair i gcomhthéacs an ardáin agus i gcomhthéacs earcaíochta ag fostóir Ballstáit. Áireofar sa seisiún sin faisnéis faoin gcaoi le gearán a thaisceadh dá dtagraítear in Airteagal 18. Eagróidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais, le tacaíocht ó Phointí Teagmhála Náisiúnta, seisiúin faisnéise den sórt sin.

Or. en

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha atá rannpháirteach i gComhpháirtíocht Tallainne a chinneadh brath ar Linn Tallainne an Aontais chun earcú cuardaitheoirí poist ón tríú tír sin a ndearnadh a gcuid scileanna a fhorbairt nó a bhailíochtú faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Tallainne sin agus arna dheimhniú le ‘pas Comhpháirtíochta Tallainne de chuid an Aontais’ a éascú.	1. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha atá rannpháirteach i gComhpháirtíocht Tallainne a chinneadh brath ar Linn Tallainne an Aontais chun earcú cuardaitheoirí poist ón tríú tír sin a ndearnadh a gcuid scileanna a fhorbairt nó a bhailíochtú faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Tallainne sin agus arna dheimhniú le ‘pas Comhpháirtíochta Tallainne de chuid an Aontais’ a éascú.

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a chinneadh, faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Tallainne ábhartha, infheictheacht próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil 'pas Comhpháirtíochta Tallainne de chuid an Aontais' faighte acu a theorannú, ar feadh uastréimhse bliana, d'fhostóirí atá bunaithe i mBallstát amháin nó níos mó atá rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht Tallainne chéanna sin. Foilseoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na míre sin ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais.	6. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Tallainne ábhartha ***ina nglacann siad páirt***, infheictheacht próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil 'pas Comhpháirtíochta Tallainne de chuid an Aontais' faighte acu a theorannú, ar feadh uastréimhse ***sé mhí***, d'fhostóirí atá bunaithe i mBallstát amháin nó níos mó atá rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht Tallainne chéanna sin. Foilseoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na míre sin ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais.

Or. en

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Foilseofar liosta na dtríú tíortha agus na mBallstát ***rannpháirteach*** atá rannpháirteach i gComhpháirtíocht Tallainne agus na gairmeacha ábhartha a chumhdaítear ann ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais.	7. Foilseofar liosta na dtríú tíortha agus na mBallstát atá i gComhpháirtíocht Tallainne agus na gairmeacha ábhartha a chumhdaítear ann ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais.

Or. en

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Rannpháirtíocht fostóirí i Linn Tallainne an Aontais	***Clárú agus*** rannpháirtíocht fostóirí i Linn Tallainne an Aontais

Or. en

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh fostóirí ar spéis leo páirt a ghlacadh i Linn Tallainne an Aontais a iarraidh ar an bPointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe a bhfolúntais poist a aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais.	***scriosta***

Or. en

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Beidh fostóirí ar mian leo a bheith infheicthe agus ar mian leo a bhfolúntais phoist a phostáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais in ann próifíl a chruthú ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(3), an dara fomhír, sliocht as an gclár gnó náisiúnta a bhaineann leo, agus cóip den tseiceáil

ar an taifead coiriúil ar na daoine nádúrtha atá i gceannas ar an gcuideachta. Ceanglóidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais ar fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais páirt a ghlacadh i seisiún faisnéise maidir le hearcaíocht chothrom agus caighdeáin saothair idirnáisiúnta. Tar éis dóibh a bheith rannpháirteach sa seisiún faisnéise, síneoidh fostóirí gealltanas go gcloífidh siad le Prionsabail Ghinearálta agus Treoirlínte Oibríochtúla EIS maidir le hEarcaíocht Chothrom.

Or. en

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Chomh maith le páirt a ghlacadh sa seisiún faisnéise dá dtagraítear i mír 1a, beidh an deis ag fostóirí páirt a ghlacadh in oiliúint bhreise maidir le hearcaíocht chothrom. Ar an oiliúint bhreise sin a chur i gcrích, beidh na folúntais phoist sin níos infheicthe ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais trí bhíthin an chórais meaitseála uathoibrithe. Beidh fostóirí níos infheicthe ar an ardán freisin trí oiliúint teanga nó forbairt scileanna ábhartha eile a thairiscint do chuardaitheoirí poist le linn uaireanta oibre.

Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1c. Déanfaidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais scagadh ar gach fostóir atá bunaithe sa Bhallstát a d'ainmnigh iad agus ar an bhfaisnéis a chuir siad isteach sula bhfoilseoidh siad a bpróifíl ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais.

Or. en

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1d. Féadfaidh fostóirí atá cláraithe i Linn Tallainne an Aontais a iarraidh ar an bPointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe a bhfolúntais poist a aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais. Áireofar sna folúntais, ar a laghad, faisnéis faoin áit oibre agus faoin gcineál oibre, faoi fhad na fostaíochta, faoi na huaireanta oibre, faoi na dálaí oibre ábhartha agus faisnéis faoin luach saothair, lena n-áirítear na cleachtais luacha saothair is infheidhme. Luafaidh siad go soiléir freisin nach ngearrfar aon táillí earcaíochta ná costais ghaolmhara ar chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha.

Or. en

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Aistreofar Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais chuig folúntais poist ardáin TF um Linn Tallainne an Aontais:	2. Aistreoidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais, ***a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 5 lá oibre tar éis iarraidh a fháil ó fhostóir de bhun mhír 1d,*** folúntais phoist ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais:

Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Comhlíonfaidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais dlí agus cleachtas ábhartha an Aontais agus an dlí agus an cleachtas náisiúnta chun cosaint náisiúnach tríú tír i gcoinne earcaíocht éagórach agus dálaí oibre neamhleora a áirithiú chomh maith le neamh-idirdhealú. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha coinníollacha breise a thabhairt isteach maidir le rannpháirtíocht na bhfostóirí i Linn Tallainne an Aontais chun a áirithiú go gcomhlíonfar cleachtais náisiúnta ábhartha eile, comhaontuithe comhchoiteanna agus na prionsabail agus na treoirlínte atá leagtha amach ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, i gcomhréir le dlí an Aontais.	Comhlíonfaidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais dlí agus cleachtas ábhartha an Aontais agus ***an dlí agus an cleachtas náisiúnta ábhartha agus Prionsabail Ghinearálta agus Treoirlínte Oibríochtúla EIS maidir le hEarcaíocht Chothrom chun ceart náisiúnach tríú tír chun saoirse comhlachais agus cómhargála,*** cosaint ar earcaíocht éagórach agus dálaí oibre neamhleora***a áirithiú, lena n-áirítear saothar éigeantais agus saothar leanaí a chosc agus a dhíothú,*** chomh maith le neamh-idirdhealú ***i ndáil le fostaíocht agus gairm bheatha.*** Féadfaidh na Ballstáit coinníollacha breise a thabhairt isteach maidir le rannpháirtíocht na bhfostóirí i Linn Tallainne an Aontais chun a áirithiú go gcomhlíonfar cleachtais náisiúnta ábhartha eile agus comhaontuithe comhchoiteanna, i gcomhréir le dlí an Aontais.

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní ghearrfaidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais táillí ar chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha chun críche na hearcaíochta.	Ní ghearrfaidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais aon táillí ná costais ghaolmhara ar chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha chun críche na hearcaíochta, ***sula gcuirfear an próiseas earcaíochta i gcrích ná ina dhiaidh*** sin.

Or. en

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Cuirfidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais in iúl, gan moill mhíchuí, in ardán TF Linn Tallainne an Aontais, gur éirigh leo earcú cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a chur i gcrích don fholúntas poist ar leith. Scoirfidh próifílí na gcuardaitheoirí poist cláraithe sin agus na bhfolúntais phoist chomhlíonta de bheith le feiceáil go huathoibríoch in ardán TF Linn Tallainne an Aontais.	5. Cuirfidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais in iúl do Phointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais, gan moill mhíchuí, gur éirigh leo earcú cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a chur i gcrích don fholúntas poist ar leith. ***Roimh thús an chonartha fostaíochta, soláthróidh an fostóir an fhaisnéis uile is gá don chuardaitheoir poist ar bhealach soiléir agus cuimsitheach i gcomhréir le Treoir. 2019/1152/AE.*** Scoirfidh folúntais poist chomhlíonta de bheith le feiceáil go huathoibríoch in ardán TF Linn Tallainne an Aontais. ***Cuirfear in iúl i bpróifíl chláraithe an chuardaitheora poist go bhfuil sé beartaithe ag an gcuardaitheoir poist tús a chur leis an bhfostaíocht.***

Or. en

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta atá freagrach as an dlí agus as an gcleachtas ábhartha sna Ballstáit rannpháirteacha Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais ar an eolas láithreach maidir le haon sáruithe ar fhorálacha an dlí agus an chleachtais ábhartha a leagtar amach i mír 3 chun críocha Airteagal 10(2), pointe (e).	6. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta atá freagrach as an dlí agus as an gcleachtas ábhartha sna Ballstáit Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais ar an eolas láithreach maidir le haon sáruithe ar fhorálacha an dlí agus an chleachtais ábhartha a leagtar amach i mír 3 chun críocha Airteagal 10(2), pointe (e).

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Beidh coimircí in aghaidh an idirdhealaithe bunaithe ag an uirlis mheaitseála uathoibrithe ar na forais a liostaítear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh na Ballstáit rannpháirteacha faisnéis maidir le Linn Tallainne an Aontais agus maidir lena feidhmiú ar fáil go héasca.	***scriosta***

Or. en

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais, le tacaíocht ó Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais, an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais:	Cuirfidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais, le tacaíocht ó Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais, an fhaisnéis seo a leanas ar fáil go poiblí saor in aisce do gach Ballstát ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus inrochtana go héasca, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas***, i gcomhréir leis na caighdeáin inrochtaineachta ábhartha a leagtar amach i dTreoir. (AE). 2016/2102 agus leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir. (AE). 2019/882***:

Or. en

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) faisnéis maidir le nósanna imeachta earcaíochta agus inimirce, aitheantas do cháilíochtaí agus bailíochtú scileanna, cearta náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear maidir leis na sásraí sásaimh atá ar fáil chomh maith le faisnéis maidir le dálaí maireachtála agus oibre sna Ballstáit rannpháirteacha;	(a) maidir le nósanna imeachta earcaíochta agus fostaíochta, lena n-áirítear maidir le cáilíochtaí a aithint agus scileanna a bhailíochtú;

Or. en

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) faisnéis faoi nósanna imeachta inimirce lena n-áirítear na nósanna imeachta chun víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil chun críocha oibre;

Or. en

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ab) na cearta náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear maidir leis an rochtain atá ar fáil ar shásraí ceartais agus comhshásaimh agus sonraí teagmhála eagraíochtaí a thairgeann cúnamh iar-earcaíochta, i gcás inarb infheidhme;

Or. en

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ac) faisnéis maidir le dálaí maireachtála agus oibre sna Ballstáit;

Or. en

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) míniú soiléir a thabhairt do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha má tá siad faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear an iontráil nó fanacht i mBallstát nó má tá siad faoi réir toirmeasc ar theacht isteach i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, toirmiscfear a n-iontráil i gcríoch na mBallstát uile agus fanacht iontu.	(b) na ***coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le páirt a ghlacadh i Linn Tallainne an Aontais, lena n-áirítear míniú soiléir*** a thabhairt do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha má tá siad faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear an iontráil nó fanacht i mBallstát nó má tá siad faoi réir toirmeasc ar iontráil i gcomhréir le Treoir. 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, toirmiscfear a n-iontráil i gcríoch na mBallstát uile agus fanacht iontu.

Or. en

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh na Pointí Teagmhála Náisiúnta freagrach as an bhfaisnéis dá dtagraítear sa chéad mhír a thabhairt cothrom le dáta, i gcás inar gá.

Or. en

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1,

pointe (a), bunaithe ar Phrionsabail Ghinearálta agus Treoirlínte Oibríochtúla EIS maidir le hEarcaíocht Chothrom.

Or. en

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Arna iarraidh sin do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais, soláthróidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais tacaíocht bhreise, agus cúnamh iar-roghnúcháin do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:	2. ***Cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a roghnaíodh le haghaidh folúntas poist i Linn Tallainne an Aontais, gheobhaidh siad an fhaisnéis bhreise seo a leanas ó Phointe Teagmhála Náisiúnta ábhartha Linn Tallainne an*** Aontais:

Or. en

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) faisnéis shonrach maidir le nósanna imeachta náisiúnta inimirce chun víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil chun críocha oibre tar éis an phróisis roghnúcháin;	(a) an fhaisnéis ***dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), maidir leis na*** nósanna imeachta ***chun víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil*** chun críocha oibre ***sa Bhallstát lena mbaineann;***

Or. en

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) i gcás ina bhfuil siad ar fáil, sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí sin a bhfuil cúnamh iar-earcaíochta á thairiscint acu do náisiúnaigh tríú tír.	(e) i gcás ina bhfuil siad ar fáil, sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí sin a bhfuil cúnamh iar-earcaíochta á thairiscint acu do náisiúnaigh tríú tír, ***amhail cláir idirlinne***.

Or. en

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal = 17 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Chun críocha phointe (c) agus phointe (d) den chéad fhomhír, féadfar an fhaisnéis a sholáthar i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus, i gcás inarb infheidhme, leis na heagraíochtaí a thairgeann cúnamh iar-earcaíochta do náisiúnaigh tríú tír.

Or. en

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Seolfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais, i gcomhar leis an nGrúpa Stiúrtha, feachtais múscailte feasachta a bheidh dírithe ar fhostóirí, go háirithe FBManna, chun feabhas a chur ar thuiscint an phobail ar Linn Tallainne an Aontais agus, ar an gcaoi sin, ar an úsáid

a bhaintear aisti. Áireofar sna feachtais múscailte feasachta sin faisnéis faoi chaighdeáin chothroma earcaíochta mar a leagtar amach i bPrionsabail Ghinearálta agus Treoirlínte Oibríochtúla EIS maidir le hEarcaíocht Chothrom.

Or. en

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go mbeidh sásraí éifeachtacha ann trína bhféadfaidh cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha gearáin a thaisceadh i gcás ina sáraíonn na fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais na hoibleagáidí agus na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13(3).	1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sásraí casaoide éifeachtacha agus inacmhainne nó nósanna imeachta gearáin eile ann i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta trína bhféadfaidh cuardaitheoirí poist chláraithe ó thríú tíortha gearáin a thaisceadh i gcás ina sáróidh na fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais na hoibleagáidí agus na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13(3) nó forálacha ábhartha eile maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. ***Beidh na sásraí casaoide nó na nósanna imeachta eile um ghearáin inscne-fhreagrúil agus áiritheofar leo go ndéanfar cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a thaisceann gearán a chosaint ar aon fhrithbheart.***

Or. en

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuirfidh na Ballstáit	2. Cuirfidh Pointí Teagmhála

rannpháirteacha faisnéis maidir le sásraí sásaimh atá ar fáil go héasca.	Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais faisnéis maidir le ***sásraí casaoide nó nósanna imeachta gearáin eile*** atá ar fáil ar fáil go héasca ***trí ardán TF Linn Tallainne an Aontais, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le Treoir. (AE). 2016/2102. Áireofar san fhaisnéis sin sonraí teagmhála na n-údarás atá freagrach, faisnéis faoi na heagraíochtaí náisiúnta ábhartha oibrithe agus sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar náisiúnaigh tríú tír.***
	Or. en

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a chinneadh nósanna imeachta inimirce brostaithe a chur i bhfeidhm chun earcú níos tapúla a dhéanamh ar chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a roghnaíodh le haghaidh folúntais poist i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.	1. Chun gur tapúla a earcófar cuardaitheoirí poist chláraithe ó thríú tíortha, ***cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta inimirce brostaithe i bhfeidhm do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a earcaítear chuig gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe agus do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil 'pas Comhpháirtíochta Tallainne an Aontais' faighte acu i gcomhpháirtíocht ina raibh an Ballstát rannpháirteach. Cuirfear faisnéis faoi na nósanna imeachta brostaithe sin ar fáil d'fhostóirí agus do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha ag céim luath den phróiseas earcaíochta.***
	Or. en

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfaidh an nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 an méid seo a leanas a chumhdach:	2. Cumhdóidh na ***nósanna imeachta inimirce brostaithe*** dá dtagraítear i mír 1 ***an méid seo*** a leanas:

Or. en

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na nósanna imeachta inimirce brostaithe dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm maidir le cuardaitheoirí poist aonair ó thríú tíortha a earcaíodh roimhe sin chuig post trí Linn Tallainne an Aontais.

Or. en

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 19a
	Náisiúnaigh tríú tír a roghnaíodh le haghaidh folúntas poist i Linn Tallainne an Aontais, tairbheoidh siad freisin de na cearta a leagtar síos in Airteagail 17, 18 agus 19.

Or. en

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais faireachán rialta ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 8(2), pointe (e). Go háirithe, baileofar sonraí maidir leis an méid seo a leanas:	1. Déanfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais faireachán rialta ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 8(2), pointe (e). Go háirithe, baileofar sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de maidir leis an méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) líon na bpróifílí a baineadh d'ardán TF Linn Tallainne an Aontais faoi Airteagal 11(2b);

Or. en

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Baileoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais na sonraí dá dtagraítear i mír 1 le tacaíocht ó Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais agus ó Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais.	3. Baileoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais na sonraí dá dtagraítear i mír 1 le tacaíocht ó Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais agus ó Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais agus i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, go háirithe iad siúd a oibríonn le náisiúnaigh tríú tír agus le daoine faoi

mhíchumas.

Or. en

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit rannpháirteacha i gcomhréir leis na Conarthaí.	2. Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá ganntanas lucht saothair i raon leathan earnálacha roimh an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit, idir earnáil na tógála agus earnáil an chúraim sláinte go hearnáil na hinnealtóireachta agus earnáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide. Is dócha go rachaidh ganntanas lucht saothair in olcas sna blianta amach romhainn mar gheall ar threochtaí déimeagrafacha, agus an Eoraip ag dul in iomaíocht ar leibhéal domhanda le haghaidh tallainne le mór-ranna eile agus le tíortha aonair. Tá an mhímheaitseáil scileanna ar mhargadh saothair na hEorpa ina cúis freisin le caillteanais eacnamaíocha suas le 2 % den táirgiúlacht bhliantúil. Ag an am céanna, tá gá le níos mó bealaí dlíthiúla chun imirce neamhrialta a chosc. Ós rud é gur feiniméan nádúrtha í an imirce a leanfaidh de bheith ann *inter alia* mar gheall ar an athrú aeráide agus ar fhorbairtí idirnáisiúnta, tá cur chuige comhchoiteann Eorpach maidir le himirce dhleathach lucht saothair ríthábhachtach.

Is léir, dá bhrí sin, nach mór don Eoraip a bheith oscailte don domhan mór chun a hiomaíochas a chaomhnú agus chun fás eacnamaíoch a chothú. Ní mór don Eoraip gach cineál leibhéal scileanna a mhealladh a theastaíonn go díreach agus go hindíreach don aistriú glas agus digiteach, do cháilíocht leanúnach ár gcóras leasa agus do rathúnas ár mór-roinne. Ag an am céanna, ós rud é nach ann don Eoraip i bhfolús, is léir freisin go bhfuil comhpháirtíochtaí láidre agus inbhuanaithe le tríú tíortha ríthábhachtach. Is féidir le Comhpháirtíochtaí Tallainne cuidiú le forbairt scileanna agus le dálaí maithe oibre i dtríú tíortha, agus an imirce chiorclach á cur chun cinn ag an am céanna mar bhealach chun imirce daoine oilte a chosc.

Mar sin féin, chun go dtarlóidh an mheaitseáil iarbhír idir fostóirí agus náisiúnaigh tríú tír ar bhealach níos éifeachtúla, bunaítear Linn Tallainne an Aontais. Is togra é a bhfuil fáilte roimhe agus is freagairt é ar iarrataí ó Pharlaimint na hEorpa i roinnt tuarascálacha reachtacha. Beidh Linn Tallainne an Aontais ar an gcéad ardán uile-Aontais lena n-éascófar meaitseáil idir náisiúnaigh tríú tír agus fostóirí atá bunaithe san Aontas. Gheobhaidh sé inspioráid ó EURES, an t-ardán atá ann cheana inar féidir le saoránaigh agus fostóirí an Aontais meaitseáil a dhéanamh, ach rachaidh sé níos faide ná sin freisin. Comhlánófar leis na bearta agus na tionscnaimh atá ann cheana agus, dá bhrí sin, ní chuirfear isteach ar inniúlacht na mBallstát aonair, mar shampla maidir leis an gceart líon na náisiúnach tríú tír a thagann chun oibre a chinneadh.

Murab ionann agus an togra ón gCoimisiún Eorpach, foráiltear sa dréacht-tuarascáil go gcuirfidh na Ballstáit uile Linn Tallainne an Aontais chun feidhme. Ós rud é gur fadhb ar fud an Aontais é ganntanas lucht saothair agus go bhfuil sé mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais a bheith ina ardán coiteann chun náisiúnaigh tríú tír agus fostóirí Eorpacha a aontú, ba cheart go mbeadh sé ann i ngach Ballstát chun intuarthacht, trédhearcacht agus deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú do gach duine a úsáideann í. Leanfaidh sé de bheith deonach i gcónaí d'fhostóirí agus do náisiúnaigh tríú tír dul ar aghaidh chuig Linn Tallainne an Aontais agus deiseanna á lorg acu, ach le cur chun feidhme comhchoiteann Eorpach éascófar rochtain ar an ardán. Rannchuideoidh sé freisin le ceann de na príomhdhúshláin a bhaineann le beartais imirce lucht saothair san Eoraip sa lá atá inniu ann a réiteach: ilroinnt:

Cuireann an dréacht-tuarascáil leis an togra ón gCoimisiún Eorpach tríd an dá bhunchloch is mó atá ag Linn Tallainne an Aontais a neartú. Ar an gcéad dul síos, neartaítear leis an

chosaint i gcoinne idirdhealú agus earcaíocht éagórach náisiúnach tríú tír, trí Linn Tallainne an Aontais a ailíniú níos dlúithe leis na Prionsabail Ghinearálta agus na Treoirlínte Oibríochtúla maidir le hEarcaíocht Chothrom a d'fhorbair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS). Tríd an méid sin a dhéanamh, tá sé mar aidhm léi freisin bearna sa chreat reachtach Eorpach a líonadh i gcás nach bhfuil rialacha comhchoiteanna ann go dtí seo maidir le nósanna imeachta earcaíochta. Ar an dara dul síos, cuirtear feabhas léi ar an nasc atá ag Linn Tallainne an Aontais le forbairt mhargadh an tsaothair agus, dá bhrí sin, le riachtanais iarbhír fhostóirí na hEorpa, trí pháirt níos soiléire a thabhairt do chomhpháirtithe sóisialta agus do pháirtithe leasmhara eile i rialachas Linn Tallainne an Aontais.

Maidir leis an dá bhunchloch sin, tá faisnéis ríthábhachtach. Dá bhrí sin, rinneadh na forálacha seirbhíse faisnéise agus tacaíochta a shoiléiriú agus a neartú. Déantar idirdhealú sa dréacht-tuarascáil idir an fhaisnéis ba cheart a bheith ar fáil go poiblí do gach náisiúnach tríú tír agus d'fhostóirí (ionchasach/ionchasacha), agus cén fhaisnéis ba cheart a thabhairt do náisiúnach tríú tír tar éis dó meaitseáil le fostóir. Chomh maith le faisnéis, tá inrochtaineacht ríthábhachtach chun rochtain chomhionann ar an ardán a áirithiú do gach úsáideoir. Tugtar isteach leis an dréacht-tuarascáil ceanglais inrochtaineachta le haghaidh Linn Tallainne an Aontais ina hiomláine, lena n-áirítear an fhaisnéis maidir le cosaint sonraí chomh maith leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil ar an ardán iarbhír.

Tugtar isteach leis an dréacht-tuarascáil freisin coinníollacha comhréireacha maidir le rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais. Ba cheart d'fhostóirí faisnéis a sholáthar ar féidir leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta í a fhíorú sula gceadaítear dóibh folúntais a phostáil ar an ardán. Áirítear leis an bhfaisnéis sin, mar shampla, seiceáil ar thaifead coiriúil an duine nádúrtha/na ndaoine nádúrtha atá i gceannas ar an gcuideachta, chun cosc a chur ar fhostóirí ionsaitheacha teacht ar ais ar an ardán. Tugtar isteach leis an dréacht-tuarascáil forálacha lenar féidir fostóir a chur ar fionraí go sealadach i gcás mí-iompar riaracháin amháin, ach freisin i gcás sáruithe ar an reachtaíocht is infheidhme maidir le frithgháinneáil agus smachtbhannaí i gcoinne fostóirí náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach.

Ag an am céanna, coinnítear sa dréacht-tuarascáil forálacha comhréireachta áirithe do náisiúnaigh tríú tír, nach gceadófar do dhuine atá faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin lena ndiúltaítear iontráil nó fanacht i mBallstát nó toirmeasc ar iontráil san Aontas clárú ós rud é nach mbeidh cead acu iontráil san Aontas ná fanacht ann de thuras na huaire. Déantar an fhoráil sin a chothromú, áfach, trí chead a thabhairt do náisiúnaigh tríú tír iarraidh nua ar chlárú a thaisceadh tar éis dhul in éag a dtoirmeasc ar iontráil, agus cosaint á tabhairt ag an am céanna do dhaoine a chiontaítear i gcionta ar bagairt iad ar shlándáil náisiúnta Ballstáit, nó lena mbaineann bagairt ar shlándáil náisiúnta Ballstáit, nach mbeidh siad in ann clárú ar Linn Tallainne an Aontais riamh.

Ar deireadh, ós rud é go gcuirfidh Linn Tallainne an Aontais le córais mheaitseála uathoibrithe arna gcumasú ag IS chun na scileanna is oiriúnaí a aimsiú le haghaidh folúntas áirithe, tá sé tábhachtach coimircí a áirithiú i gcoinne claontachta ar fhorais idirdhealaitheacha.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
Adecco Group
BusinessEurope
Confederation of Swedish Enterprises
European Commission
European Network of Migrant Women
European Trade Union Confederation
HOTREC
International Labour Organisation
International Organisation of Migration
Platform for International Cooperation on Undocumented Migrants (PICUM)
Swedish Trade Union Confederation

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.